


Tuarascáil Bhliantúil



2013

Shármhaitheas

Nuálaíocht

Cruithaitheacht



Coimisiún Forbartha an Iarthair
Teach Diolúin, Bealach an Doirín,
Contae Ros Comáin, Éire.

Guthán: +353 (0) 94 9861441

Facs: +353 (0) 94 9861443

Ríomhphost: info@wdc.ie

Suíomhanna Gréasáin: www.wdc.ie

CLÁR ÁBHAR

Réamhrá an Chathaoirligh	2
Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh	3
Réamhrá	5
Cuid 1: Forbairt Chothromaithe Réigiúnach	9
Cuid 2: Cur chun cinn a dhéanamh ar na tairbhí a bhaineann le cónaí, le hoibriú agus le gnó a dhéanamh i Réigiún an Iarthair	13
Cuid 3: Forbairt Tuaithe	17
Cuid 4: Ciste Infheistíochta WDC	27
Cuid 5: Seirbhísí Corparáideacha	31
Aguisíní	35
Ráiteas Airgeadais 2013	39
Giorrúcháin	61

RÉAMHRÁ AN CHATHAOIRLIGH

Ba í an bhliain 2013 an 15ú bliain ina raibh Coimisiún Forbartha an Iarthair ag feidhmiú. Is leagtha amach sa tuarascáil bhliantúil seo atá sonraí faoi ghníomhaíocht na heagraíochta le linn na bliana 2013. Ó thaobh a cuid oibre agus éachtaí de, rinne an eagraíocht dea-dhul chun cinn arís eile sa bhliain ar an sainchúram atá uirthi an saol geilleagrach agus sóisialta in Iarthar na hÉireann a chur chun cinn agus a fheabhsú.

Ba cheart a lua freisin gur éirigh leis an eagraíocht an t-aon leibhéal gníomhaíochta a choinneáil ar bun le linn na bliana beag beann ar an laghdú a bhí ann sa líon foirne. Sa bhliain 2008, bhí seacht nduine dhéag san iomlán fostaithe ag an WDC, seisear sa bhreis ar an bhfigiúr don bhliain 2013. Ní raibh aon Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin againn sa chéad chúig mhí den bhliain agus, rud tábhachtach, bhí am ag teastáil ón gceapaí nua chun socrú isteach sa phost ina dhiaidh sin.

Ina theannta sin, chailleamar beirt bhall foirne a raibh an-taithí acu agus a raibh an-mheas againn orthu. Thar ceann mo chomhghleacaithe ar an mbord, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo as an tseirbhís den scoth a thug siad don WDC agus gach rath a ghuí orthu ina ngairm nua. Chomh maith leis sin, ba mhaith liom a lua gur mór ag an mBord an obair fathaigh a rinne gach duine de na baill foirne eile. Údar misnigh agus eiseamláir domsa agus do mo chomhghleacaithe ar an mbord is ea an tiomantas agus an díograis atá acu.

Ceann de na príomhchúiseanna taobh thiar de rath leanúnach an WDC is ea a thoilteanas oibriú le gníomhaireachtaí eile Stáit. Trína chuid taighde, tá faisnéis luachmhar curtha ar fáil aige d'eagraíochtaí áitiúla agus náisiúnta araon agus tá réimsí ar gá aird a thabhairt orthu sainaitheanta aige. Tá sé léirithe aige go bhfuil sé in ann forbairt agus tástáil a dhéanamh ar thionscnaimh ar féidir leis na comhlachtaí iomchuí iad a riar ina dhiaidh sin. A bhuí le héiteas an chomhair agus na comhroinnta atá i réim ann, tá cumas cruthaithe ag an WDC eagraíochtaí réigiúnacha a chumasú teacht ar shaineolas agus ar chistiú trínar féidir feabhas a chur ar an staid gheilleagrach ina réigiún.

Na dúshláin atá roimh an WDC faoi láthair, tá siad chomh mór agus a bhí siad tráth bhunú an choimisiúin. Tá an cúlú eacnamaíochta ag luí go trom ar réigiúin ar fud na tíre, go háirithe in Iarthar na hÉireann. Léirítear i staitisticí go bhfuil níos mó damáiste déanta ag an gcúlú eacnamaíochta ar an mbonn fiontar i Réigiún an Iarthair ná ar an mbonn fiontar in áit ar bith eile sa tír. Ba mheasa feidhmíocht an réigiúin ná an chuid eile den stát i ngach earnáil, beagnach. Dá bharr sin, tháinig meath ar an sciar a bhí ag an réigiún de líon iomlán na bhfiontar sa tír – sciar a bhí íseal cheana féin. Rud tábhachtach, ba sna hearnálacha is déine ó thaobh saothair de – tógáil, iompar, cóiríocht agus mórdhíol agus miondíol – a tháinig an meath sin chun cinn.

Mar sin, mar gheall ar an ngá soiléir atá ann le gníomhaíocht gheilleagrach a mhéadú sa réigiún, ar a bhfuil baint amach ag an WDC go dtí seo, ar an taithí agus ar an saineolas atá ag a lucht bainistíochta agus ag a fhoireann, agus ar a uaillmhianáí atá an Bord, táim ag tnúth le tionchar a imirt ar an mbeartas agus le tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh sa bhliain 2014.



A handwritten signature in black ink, reading 'Paddy McGuinness'.

Paddy McGuinness
Cathaoirleach

TUARASCÁIL AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

Sa bhliain 2013, d'éirigh le Coimisiún Forbartha an Iarthair (WDC) aschur a mhéadú don chúigiú bliain as a chéile beag beann ar an laghdú a bhí ann ar a chuid acmhainní agus beag beann ar na srianta airgeadais a raibh sé faoina réir. Agus sinn sa bhliain 2014 anois, tá cur chuige cistithe agus foinsithe againn i leith na céadta post a choinneáil nó a chruthú go díreach laistigh de Réigiún an Iarthair.

Tá an WDC ag féachaint anois le fostaíocht réigiúnach agus fás fiontar a bhrú chun cinn tríd an réigiún a nascadh ar bhonn inmheánach agus idirnáisiúnta le hacmhainní agus le margaí araon. Táimid ag oiriúnú don chlár oibre sin um athrú agus táimid ag féachaint le é a stiúradh; go deimhin, measaimid go bhfuil sé tábhachtach maidir le freagairt an stáit do na dúshlán reatha idirnáisiúnta príomhshócmhainní ár réigiúin a ghíaráil.

Go dtí seo, táimid ag obair le comhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta chun fás fiontar a bhrú chun cinn sna seacht bpríomhréimse seo a leanas:

- Geilleagar na cruthaitheachta
- Turasóireacht réigiúnach
- Infheistíocht i ngnóthais agus Rochtain ar mhaoiniú
- Fuinneamh in-athnuaite
- Caidreamh a chothú leis an diaspóra
- An réigiún a chur chun cinn
- Léargas agus anailís ar bheartas réigiúnach.

Trí chláir spreagtha dhíreacha agus trí inniúlachtaí réigiúnacha a chur chun cinn go hindíreach agus a nascadh, tá éachtaí suntasacha bainte amach againn don ghnó réigiúnach in éineacht lenár gcuid comhpháirtithe réigiúnacha. Go dtí seo, tá beagnach €41.6 milliún san iomlán infheistithe ag an WDC i 110 ceann de mhicrifhiontair, d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus d'fhiontair shóisialta sa réigiún. Tá

1,600 duine fostaithe ag cuideachtaí punainne Chiste Infheistíochta an Iarthair agus tá acmhainn ann líon na bpost sin a mhéadú go 2,500 ceann de réir mar a leathnaíonn na cuideachtaí.

Sa bhliain 2013, d'infheistigh an WDC €2,141,859 in 18 gcinn d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus d'fhiontair shóisialta a chuireann fostaíocht ardoilte ar fáil in earnálacha éagsúla, idir fheistí liachta, forbairt bogearraí, dhéantúsaíocht ardteicneolaíochta agus thionscail na cruthaitheachta. Cuireann siad seirbhísí a bhfuil géarghá leo ar fáil do phobail áitiúla freisin.

Ag breathnú ar aghaidh, is é an fhís atá againn dlús suntasach a chur leis an bhfás sin trí thionscnaimh chistithe a úsáid. Déantar saineolas agus acmhainní AE a ghíaráil ina lán de na tionscnaimh sin. Ina theannta sin, tá phríomhthéamaí an AE2020 - is iad sin, Cliste, Cuimsitheach, Inbhuanaithe agus, go pointe áirithe, Rialachas - á gcur ar áireamh ag an WDC sa phlean atá aige an fhís réigiúnach 2020 a bhaint amach. Tá an dóigh a ndéanaimid é sin bunaithe ar éiteas ard-chomhoibríoch. Mar sin, is ríthábhachtach atá údarais áitiúla, geallsealbhóirí réigiúnacha agus, go deimhin, an AE, maidir lenár gcuid iarrachtaí a aistriú ina n-aschuir fiontar agus fostaíochta. Táimid ag tnúth le cabhrú leis na hoifigí fiontar áitiúil atá ag teacht chun cinn fás fiontar a bhaint amach do Réigiún an Iarthair.

Ina theannta sin, ba mhaith linn aird a tharraingt sa bhliain 2014 ar an íomhá dhomhanda atá ag Réigiún an Iarthair agus ar an tionchar domhanda atá aige ar mhaithe lena chinntiú go mbeidh ról le himirt ag glúine amach anseo sa réigiún.

TUARASCÁIL AN PHRÍOMHFHEIDHMEANNAIGH

Sa bhliain 2013, thacaigh an WDC le tionscnaimh um chruthú fostaíochta, arbh é ab aidhm dóibh cabhair phraiticiúil a thabhairt do ghnóthais agus do dhaoine aonair gnó a bhunú nó a fheabhsú anseo nó iad a mhealladh chun gnó a dhéanamh anseo. Áiríodh leo sin:

- Developing a framework for the economic development of rural Ireland - (Creat a fhorbairt le haghaidh fhorbairt gheilleagrach thuath na hÉireann) – an Coimisiún um Fhorbairt Eacnamaíoch na gCeantar Tuaithe (CEDRA) (www.ruralireland.ie)
- Cláir shaincheaptha chun tacú leis an mBithfhuinneamh – tacaíocht don bhithfhuinneamh ó BioPAD agus ó RASLRES (www.biopad.eu, www.rasres.eu)
- Ciste Micri-lasachta thionscail na cruthaitheachta (€1m thar trí bliana)
- Cláir spriocdhírithe chun tacú le geilleagar na cruthaitheachta Clár an Fhaobhair Chruthaitheigh de chuid an AE chun onnmhairí a mhéadú - clár a bhrúnn onnmhairí chun cinn (€1.2m san iomlán) (www.mycreativeedge.eu)
- Ciste Infheistíochta an Iarthair (WIF) - ciste a leanann de bheith ag tacú le gnóthais nuathionscanta agus le gnóthais atá ag méadú ó scála i Réigiún an Iarthair.
- Rochtain a shaothrú ar fhorbairt bonneagair – Leathanbhanda den chéad ghlúin eile, Rochtain aeir, etc.

Mar thoradh ar an obair sin ar fad, tá feabhas suntasach tagtha ar chumas na heagraíochta an sainchúram atá uirthi fostaíocht a chruthú a chomhlíonadh agus í féin a bhunú mar eagraíocht forbartha réigiúnaí atá féintuilleamaíoch agus ábalta.


Gabhaim buíochas ó chroí le foireann an WDC as a cuid oibre ar fad. Gabhaim buíochas freisin le Paul agus le Joanne, a d'fhág an eagraíocht sa bhliain agus guímid gach rath ar an mbeirt acu.

Gabhtar buíochas ar leith lenár gcuid comhpháirtithe idirnáisiúnta agus réigiúnacha, ar chabhraigh siad go léir leis na torthaí sin a bhaint amach do Réigiún an Iarthair sa bhliain 2013 agus a bhfuilim ag tnúth le bheith ag oibriú leo sa bhliain 2014.



Ian Brannigan
*Príomhoifigeach Feidhmiúcháin
Gníomhach agus Ceann Forbartha
Réigiúnaí*

RÉAMHRÁ



RÉAMHRÁ



Baill an WDC

Ár bhFís

Bheith ar an mol d'fhorbairt straitéiseach gheilleagrach agus shóisialta Réigiún an Iarthair

Ár Misea

Cuirfidh an WDC leis an lánacmhainn atá ag Réigiún an Iarthair a uasmhéadú d'fhonn ardaidhmeanna geilleagracha, sóisialta agus cultúrtha shaoránaigh Réigiún an Iarthair a bhaint amach

Feidhmeanna an WDC

Is é príomhfheidhm an WDC forbairt gheilleagrach agus shóisialta Réigiún an Iarthair a chur chun cinn. Díritear go háirithe ar earnálacha táirgeachta, ar bhonneagar agus ar phobail tuaithe an réigiúin. Oibríonn an WDC chun a chinntiú go gcuirtear leasanna Réigiún an Iarthair san áireamh i gcónaí ag na leibhéil is airde den Rialtas.

Tá an WDC freagrach as Ciste Infheistíochta an WDC a bhainistiú agus a riar. Tugann an ciste tiomnaithe sin aghaidh ar an mbearna cistithe atá le sárú ag fiontair bheaga agus mheánmhéide agus ag fiontair shóisialta sa réigiún trí chaipiteal riosca, trí chothromas agus trí iasachtaí a sholáthar ar bhonn tráchtála.


Struchtúr an WDC

Tá an WDC comhdhéanta de dháréag ball arna gceapadh ag an Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (féach Aguisín 1 maidir le ballraíocht an WDC sa bhliain 2013).

Faigheann an Coimisiún tacaíocht ó choiste feidhmiúcháin tiomanta atá lonnaithe i dTeach an Diolúnaigh, Bealach an Doirín, Contae Ros Comáin. Tá buanfhoireann lárnach 11 dhuine againn, agus saineolas acu in anailís bheartais, i bhforbairt réigiúnach agus tuaithe, in infheistíocht agus i riarachán.

Ina theannta sin, iarraimid tacaíocht ó phainéil chomhairleacha speisialta agus ó ionadaithe ón earnáil phoiblí, ón earnáil phríobháideach agus ón earnáil dheonach chun cabhrú linn le tionscadail éagsúla.

Struchtúr na hEagraíochta




Aidhmeanna Straitéiseacha an WDC 2010-2012

- Eolas a thabhairt do cheapadh beartais ar fhorbairt gheilleagrach agus shóisialta i Réigiún an Iarthair trí anailís ar ardchaighdeán a dhéanamh.
- Cur chun cinn a dhéanamh ar na tairbhí a bhaineann le cónaí, le hoibriú agus le gnó a dhéanamh i Réigiún an Iarthair.
- Forbairt an gheilleagair thuaithe a spreagadh bunaithe ar fhorbairt inbhuanaithe láidreachtaí agus acmhainní Réigiún an Iarthair.
- Trí Chiste Infheistíochta an WDC (WIF), caipiteal riosca a sholáthar d'fhiontair bheaga agus mheámhéide agus d'fhiontair shóisialta agus iad ag tosú amach nó ag leathnú.
- An WDC a fheidhmiú mar eagraíocht inniúil éifeachtach.



CUID I



FORBAIRT CHOTHROMAITHE RÉIGIÚNACH



FORBAIRT CHOITHROMAITHE RÉIGIÚNACH

Eolas a thabhairt do cheapadh beartais ar fhorbairt gheilleagrach agus shóisialta i Réigiún an Iarthair trí anailís ar ardchaighdeán a dhéanamh.

An Coimisiún um Fhorbairt Eacnamaíoch na gCeantar Tuaithe (CEDRA)

D'fhógair an Aire Comhshaoil, Pobláil agus Rialtais Áitiúil bunú an Choimisiúin um Fhorbairt Eacnamaíoch na gCeantar Tuaithe (CEDRA) i mí Dheireadh Fómhair 2012, www.ruralireland.ie, agus é ag iarraidh ar an WDC agus ar oifigigh óna Roinn féin agus ó Teagasc rúnaíocht a chur ar bun chun tacú le hobair na gCoimisinéirí. Tá dhá ról ag an WDC i dtaca le CEDRA. Ar an gcéad dul síos, tá sé de dhualgas air tacú le rannpháirtíocht CEDRA leis an bpobal agus le geallsealbhóirí. Ar an dara dul síos, tá sé de dhualgas air ionchur a dhéanamh i dtuarascálacha taighde agus deiridh agus moltaí a thuairisciú ina leith.

Thacaigh an WDC go díreach le dhá chruinniú phoiblí de chuid CEDRA agus le sé chruinniú dá chuid le geallsealbhóirí sa réigiún seo, agus an WDC ag tacú leis an bpróiseas comhairliúcháin agus ag cur comhairle ina leith lena linn.

Bhí an WDC freagrach as rannáin taighde a sholáthar ar an nGeilleagar Tuaithe agus Comaitéireacht agus ar Bhacainní ar Fhorbairt Fiontar, mar aon le hOnnmhairiú as Ceantair Thuaithe. Mar chuid den obair sin, rinne an WDC scrúdú ar a mhéid a bhaineann cónaitheoirí tuaithe leas as deiseanna fostaíochta i gceantair uirbeacha, ar mhéid na comaitéireachta go poist atá lonnaithe i gceantair uirbeacha agus ar a mhéid a thagann cónaitheoirí tuaithe ar phoist san earnáil onnmhairiúcháin. Tá na caibidlí taighde sin le cur ar áireamh sna haschuir taighde. Áirítear iad seo a leanas sna caibidlí taighde; *Treochtaí Spásúla maidir le Fostaíocht i nGnólaigh Eachtracha in Éirinn*, *Margai saothair réigiúnacha in Éirinn*, *Comaitéireacht Tuaithe agus Fostaíocht i mBailte Tuaithe*, *Comaitéireacht Tuaithe agus Tairseacha agus Infheistíocht Dhíreach Eachtrach agus Bacainní ar Fhás Fiontar Tuaithe*.

Cuid shuntasach den obair a rinne an WDC ba ea ionchur a chur ar fáil i roinnt caibidlí éagsúla sa tuarascáil deiridh. Tá moltaí ón WDC, go háirithe maidir le Leathanbhanda, le hEarnáil na Cruthaitheachta agus le Bailte Beaga, ar áireamh sa tuarascáil deiridh.

Ghlac an WDC páirt i gComhdháil Náisiúnta CEDRA dar teideal 'The Future of Rural Society: Opportunities for Rural Economic Development' ('A bhFuil i nDán don tSochaí Thuaithe: Deiseanna le haghaidh Forbairt Gheilleagrach Tuaithe') an 10 Meitheamh 2013, áit ar chuir sé roinnt de na príomhthorthaí taighde i láthair agus a ndearna sé cathaoirleacht ar sheisiún amháin.

Cuireadh an tuarascáil ón gCoimisiún um Fhorbairt Eacnamaíoch na gCeantar Tuaithe faoi bhráid an Aire Hogan an 28 Samhain 2012 lena bhreithniú. Tá an WDC ag tnúth le tacú le hobair an Choimisiúin i gcoitinne. Tá sé ag tnúth go háirithe le tacú lena chuid moltaí a chur chun feidhme.



(Ina seasamh): Ian Brannigan, an WDC; Deirdre Frost, an WDC; an Dr David Meredith, Teagasc; an tOll. Sally Shortall, Ollscoil na Banríona, Béal Feirste; an Dr Dirk Ahner, Comhairleoir Beartais; Ray McGreal, an WDC; an tOll. Jim Walsh, Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad.

(Ina suí): an Dr Kevin Heanue, Teagasc; an tOll. Janet Dwyer, Ollscoil Gloucestershire; an tAire Phil Hogan TD; Pat Spillane, CEDRA; agus Cathal O'Donoghue, Teagasc.

Bonneagar

Príomhthoisic a thacaíonn le hiomaíochas na bhfiontar agus a chinntíonn dea-chaighdeán maireachtála is ea bonneagar ar ardchaighdeán. Ghlac an WDC páirt in obair ar roinnt gnéithe éagsúla de bhonneagar an Réigiúin ar fud na bliana 2013.

Teileachumarsáid


Bíonn bonneagar agus seirbhísíteileachumarsáide ag éirí níos tábhachtaí i gcónaí, agus iad á n-úsáid chun freastal ar na riachtanais mhéadaitheacha ghutha agus sonraí a bhíonn ag fiontraíthe agus ag tomhaltóirí araon. Chomh maith leis sin, cuirtear leo ar ár gcumas tionscail éagsúla a fhorbairt, an earnáil bogearraí agus físchluichí ina measc.

Tar éis an tuarascáil *Connecting the West, Next Generation Broadband Services in the Western Region (An tIarthar a Nascadh: Seirbhísí Leathanbhanda den Chéad Ghlúin Eile i Réigiún an Iarthair)* a fhoilsiú ag deireadh na bliana 2012, scaipeadh go forleathan í agus pléadh í sa phreas náisiúnta agus áitiúil araon, lenar áiríodh an Irish Times agus an Independent. Sainithnítear sa tuarascáil an bealach inar dóigh go gcuirfear soláthar leathanbhanda den chéad ghlúin eile i bhfeidhm ar fud na hÉireann agus na himpleachtaí is dóigh a bheith ag na pleananna cur i bhfeidhm reatha. Sainithnítear 12 mholadh sa tuarascáil. Má chuirtear chun feidhme iad, cuirfear feabhas ar sholáthar leathanbhanda den chéad ghlúin eile i dtuilleadh ceantair réigiúnacha agus thuaithe agus cabhrófar le poist a chothú agus le fás fiontar ag an am céanna.

Tháinig an WDC le chéile le hardoifigigh ón Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádurtha chun plé a dhéanamh ar na torthaí agus ar na moltaí atá sa tuarascáil *Connecting the West, Next Generation Broadband Services in the Western Region (An tIarthar a Nascadh: Seirbhísí Leathanbhanda den Chéad Ghlúin Eile i Réigiún an Iarthair)* ón WDC. D'iarr an Roinn tuilleadh teagmhála leis an WDC ar an gceist sin agus, san am i láthair, tá léarscáiliú á dhéanamh aici ar an soláthar seirbhísí Leathanbhanda den Chéad Ghlúin Eile atá beartaithe don earnáil phríobháideach ionas go mbeidh sí in ann an leibhéal idirghabhála ón Stát a bheith ag teastáil a fháil amach.

Cuireadh roinnt cur i láthair agus faisnéise ar fáil do gheallsealbhóirí difriúla. Ina measc, bhí an cur i láthair dar teideal *Ireland's Broadband Network – Investment Equality for All? (Líonra Leathanbhanda na hÉireann – Comhionannas Infheistíochta do Chách?)* a tugadh os comhair Chomhdháil Bhliantúil Innealtóirí Éireann. Ghlac an WDC páirt i gcomhdháil sa Bhruiséil ar rochtain ar leathanbhanda den chéad ghlúin eile, áit ar pléadh na príomh-shaincheisteanna maidir lena thábhachtaí atá sé leathanbhanda den chéad ghlúin eile a chur i bhfeidhm i dtuilleadh réigiúin thuaithe ar fud na hEorpa. Pléadh na bacainní atá ann ar an gcur i bhfeidhm sin freisin.

Lean an WDC ar aghaidh lena rannpháirtíocht leis na príomh-rannpháirtithe sa tionscal teileachumarsáide agus le geallsealbhóirí eile, agus é mar aidhm aige aird a tharraingt ar phríomh-shaincheisteanna ar cheart aghaidh a thabhairt orthu sa Phlean um Leathanbhanda den Chéad Ghlúin Eile atá le faoilsíú ag an Rialtas.



Bonneagar Acir

Tá sé iarrtha ag an WDC arís agus arís eile Beartas Eitlíochta Náisiúnta a ullmhú ar mhaithe le creat a chur ar fáil d'aerfoirt a bhíonn ag freastal ar Réigiún an Iarthair. Chuireamar fáilte, mar sin, roimh an gComhairliúchán a reáchtáil an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt ar Bheartas Comhtháite Eitlíochta d'Éirinn a fhorbairt.

Dirítear go sonrach san Aighneacht ón WDC ar a thábhachtaí atá rochtain idirnáisiúnta aeir ar Réigiún an Iarthair a thaispeáint agus roinnt ionstraimí beartais a mholadh ar mhaith linn iad a fheiceáil chun tacú leis an rochtain sin. Creideann an WDC gur gá aitheantas agus tacaíocht a thabhairt sa bheartas eitlíochta atá le teacht don ról ríthábhachtach atá ag Aerfort Chnoc Mhuire agus ag Aerfort na Sionainne maidir le rochtain dhíreach idirnáisiúnta aeir a chur ar fáil ar Réigiún an Iarthair, rud a thacaíonn le turasóireacht agus le forbairt fiontar araon. Tarraingítear aird san aighneacht freisin ar an ról atá ag Aerfort Dhún na nGall maidir le tacaíocht a thabhairt do phobal iargúlta san Iarthuaisceart agus ar na seirbhísí Cuardaigh agus Tarrthála atá ar fáil ag Aerfort Shligigh. Tá an aighneacht ón WDC ar fáil ar an suíomh Gréasáin ag www.wdc.ie.

Bonneagar Iarnróid agus Iompair Phoiblí

Lean an WDC ar aghaidh le faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí in iompar iarnróid agus in iompar poiblí i gcoitinne. Tháinig Alan Kelly, an tAire Stáit d'Iompar Poiblí agus Comaitéirí, le chéile le feidhmeannaigh i mí an Mheithimh, áit ar leag sé tosaíochtaí na Roinne amach, agus béim ar leith á cur ar iompar inbhuanaithe.



Chomh maith leis sin, lean an WDC ar aghaidh le páirt a ghlacadh i nGrúpa Lasta Iarnróid Uile-Éireann Chumann Onnmhaireoirí na hÉireann. Thug lucht ardbhainistíochta Iarnród Éireann le fios go bhfuil ionchas dearfach ann maidir lena bhfuil i ndán do lasta iarnróid ar bhonn náisiúnta agus go bhfuil ionchas dearfach ann freisin maidir le lasta iarnróid ón Iarthar, arb é an bealach lasta iarnróid is

tábhachtaí sa tír é. Tháinig an coiste feidhmiúcháin le chéile leis an bhfoireann ardbhainistíochta nua tráth ní ba dhéanaí sa bhliain freisin, áit ar leag siad béim ar na tosaíochtaí iarnróid do Réigiún an Iarthair amach.

Anailís Shocheacnamaíoch


Gníomhaíocht leanúnach le linn na bliana 2013 a bhí in anailís a dhéanamh ar shonraí socheacnamaíocha do Réigiún an Iarthair. Bhí siad seo a leanas i measc roinnt de na torthaí a bhí uirthi:

- Tugadh cur i láthair ar mhargaí saothair áitiúla os comhair mac léinn de chuid an Líonra Foghlama Náisiúnta ar an gCaisleán Riabhach.
- Cuireadh sonraí socheacnamaíocha ar fáil chun eolas a thabhairt do Thionscadal Athbheochana an Chrainn Mhoir agus an Cheantair Máguaire.
- Cuireadh staitisticí agus faisnéis nuashonraithe faoi Réigiún an Iarthair ar fáil don Chomhairle don Iarthar lena n-úsáid san aighneacht ón gComhairle do CEDRA.
- Reáchtáladh ceardlann ar 'Treochtaí Fostaíochta Nua' ag Aonach Oideachais agus Oiliúna Ros Comáin.
- Tugadh cur i láthair dar teideal 'The Future of Rural Society: Opportunities for Rural Economic Development' ('A bhFuil i nDán don tSochaí Thuaithe: Deiseanna le haghaidh Forbairt Gheilleagrach Tuaithe') os comhair Chomhdháil Náisiúnta CEDRA.
- Tugadh cur i láthair ar 'Telecommunications, Investment Equality for All?' ('Teileachumarsáid – Comhionannas Infheistíochta do Chách?') os comhair Innealtóirí Éireann.
- Tugadh cur i láthair os comhair Fhóram Todhchaí Réigiúnach an Iarthuaiscirt de chuid Chónaidhm Ghnólaigh agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC)


Aighneachtaí

- Aighneacht ón WDC don Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt maidir le Beartas Comhtháite Eitlíochta d'Éirinn (<http://www.wdc.ie/publications/submissions>)
- Aighneacht ón WDC don Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha (RCFAN) maidir le Straitéis Bithfuinnimh. (<http://www.wdc.ie/publications/submissions>)

CUID 2



CUR CHUN CINN A DHÉANAMH AR
NA TAIRBHÍ A BHAINNEANN LE CÓNAÍ,
LE HOIBRIÚ AGUS LE GNÓ A DHÉANAMH
I RÉIGIÚN AN IARTHAIR



NA BUNTÁISTÍ A BHAINNEANN LE CÓNAÍ, OIBRIÚ AGUS GNÓ A DHÉANAMH I RÉIGIÚN AN IARTHAIR A CHUR CHUN CINN

LookWest.ie – treoir is fearr ar líne maidir le cónaí, oibriú agus gnó a dhéanamh i Réigiún an Iarthair in Éirinn.

Sheol an WDC LookWest.ie sa bhliain 2004 chun faisnéis a chur ar fáil do dhaoine taobh amuigh de Réigiún an Iarthair a bhí ag smaoineamh ar bhogadh chuig an Iarthar le cónaí ann, le dul i mbun oibre ann nó le gnóthas a bhunú ann. Cuirtear faisnéis ar fáil ar an suíomh Gréasáin faoi raon ábhar éagsúil, idir aonaid ghóir le haghaidh gnóthais nua, acmhainn shonrach chun poist agus réadmhaoine sa réigiún a chuardach, agus chlár scileanna inar féidir le daoine a gcuid scileanna agus taithí a chur i dtaifead chun

próifíl a chruthú de na buanna, de na cáilíochtaí agus den taithí atá ar fáil san Iarthar. Uirlis thábhachtach is ea an phróifíl sin de bhuanna agus de thaithí maidir le hinfheistíocht isteach a mhealladh chun an Réigiúin. Agus sinn thíos le sriantacht gheilleagrach, tá sé níos tábhachtaí anois ná riamh tairbhí, nuálaíocht agus cruthaitheacht Réigiún Iarthar na hÉireann a chur in iúl go leanúnach ionas go mbíonn sé ar chumas an Réigiúin leas a bhaint as téarnamh geilleagrach.

Príomh-Éachtaí sa Bhliain 2013

Sa bhliain 2013, lean an feachtas LookWest.ie ar aghaidh le Réigiún an Iarthair a chur chun cinn ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta araon. Le linn na bliana, lean LookWest.ie de bheith ag díriú ar chaidreamh a chothú leis an diaspora Éireannach, agus é mar aidhm aige infheistíocht isteach i Réigiún an Iarthair a mhéadú. Leanadh ar aghaidh le caidreamh a fhorbairt le gnóthais agus le líonraí sóisialta sa tír seo agus thar lear.

Agus é ag obair i gcomhar le Comhairle Contae Mhaigh Eo, bhí ról lárnach ag an WDC sa Siompóisiam ar an bhFéineachas agus sa chuairt trádála ó Cuyahoga County Executive ar Mhaigh Eo a reáchtáil agus a riar i mí Mheán Fómhair agus i mí Dheireadh Fómhair 2013 faoi seach. Bhí deis iontach ann ag an dá imeacht Réigiún an Iarthair a chur chun cinn mar áit le cónaí inti, le hoibriú inti agus le gnó a dhéanamh inti do lucht féachana Náisiúnta agus Idirnáisiúnta araon de réir chuspóirí an fheachtais LookWest.ie.

LookWest.ie Tacú le hImeachtaí sa Réigiún

Le tacaíocht ó Fhiontraíocht Éireann, ó GFT Éireann agus ó Údarás na Gaeltachta, d'oibrigh LookWest.ie i gcomhpháirt le Comhairlí Cathrach agus Contae agus leis na Boird Fiontar i Ros Comáin, i nGaillimh agus i Maigh Eo chun an chomhdháil MeetWest2013 a reáchtáil, comhdháil líonraithe gnó ar éirigh go geal léi. Bhí an chomhdháil ar siúl in Óstán Tí Chnoc Raithní, Cathair na Mart, idir an 21ú lá agus an 22ú lá de mhí na Samhna. D'fhreastail thart ar 420 gnó uirthi agus bhí breis agus 5,000 cruinniú gnó duine le duine ann thar an imeacht dhá lá.

D'oibrigh LookWest.ie i gcomhpháirt le 59ú Féile Idirnáisiúnta Oisrí agus Bia Mara na Gaillimhe i mí Mheán Fómhair 2013, agus é mar aidhm aige Réigiún an Iarthair (Dún na nGall, Liatroim, Sligeach, Maigh Eo, Ros Comáin, Gaillimh agus an Clár) a chur chun cinn do gach cuairteoir ar an bhféile. Trínár gcuid cuspóirí coiteanna a chur ar comhréim lena chéile ionas go mbeadh gníomhaíochtaí reatha margaíochta agus cur chun cinn chun tairbhe frithpháirtí dúinn, chabhraigh an chomhpháirtíocht sin le LookWest.ie Iarthar na hÉireann a chur chun cinn do Mhargadh Idirnáisiúnta.



Bhí siad seo a leanas i measc na n-éachtaí suntasacha eile:



2 Milliún

cuairt tugtha anois ar an suíomh Gréasáin

LookWest.ie

Tugann an leibhéal fáis sin le fios go bhfuil spéis ag daoine in eolas a fháil faoina bhfuil ar fáil i Réigiún an Iarthair agus go bhfuil ag éirí leis na forbairtí agus leis na gníomhaíochtaí leanúnacha atá ar bun againn ar an suíomh Gréasáin agus ar fud chainéil roghnaithe na meán sóisialta chun cumarsáid a dhéanamh leis an spriocluacht féachana.

Is é seo a leanas an scéal mar atá...



7556

Facebook
Cara



4800+

Twitter
Leantóir



1331

LinkedIn
Ball



4066

eZine
Síntiúsóir

Bhí baint lárnach ag LookWest.ie leis an imeacht Malartú idir Fiontraiithe, arbh imeacht Meantóireachta Gnó é, a reáchtáil i Sligeach. I gcomhpháirt le Comhlachas Tráchtála Shligigh, leis an Lónra Fiontar Eorpach, le Boird Fiontar Réigiúnacha agus Contae agus le Fiontraíocht Éireann, soláthraíodh an chéad “Malartú idir Fiontraiithe” i Sligeach idir an 28ú lá agus an 29ú lá de mhí na Samhna. Cuireadh an Malartú idir Fiontraiithe chun cinn mar dheis uathúil d’fhiontraiithe atá ag teacht chun cinn sa réigiún rochtain eisiach a fháil ar roinnt de na ceannairí gnó is rathúla in Iarthar na hÉireann. Painéal a bhí comhdhéanta de 20 Fiontraí – ar nós Fergal Broder ó Lotus Works, Frank Salmon ó CMS Distribution agus Michael Dawson ó One4All, i measc fiontraiithe rathúla eile – chomhroinn siad an taithí agus an saineolas atá acu leis an gcéad ghluín eile d’Fhiontraiithe an Iarthair. Déanfaidh an WDC agus a chuid comhpháirtithe measúnacht ar thionchar

an treoirimeachta sin chun a fháil amach cé acu is féidir nó nach féidir an tsamhail a chur i bhfeidhm go réasúnta chun tacú le fás gnó amach anseo sa réigiún.

Reáchtáil LookWest.ie taispeántais ag roinnt imeachtaí Fiontar, Nuálaíochta agus Deiseanna Gairme ar fud an Réigiúin le linn na bliana freisin.

Dámhachtainí LookWest.ie:

- Gearrliostaithe sa chatagóir ‘An Úsáid is fearr as na Meáin Shóisialta ag Comhlacht Stáit’ i nDámhachtainí na Meán Sóisialta i mí na Bealtaine 2013.
- ‘Iomaitheoir Óir sa Bhabhta Ceannais’ sa chatagóir ‘Nuálaíocht idir an Rialtas agus an Tomhaltóir’ i nDámhachtainí na Meán Digiteach i mí an Mhárta 2013.

An Malartú idir Fiontraithe

Agus é eagraithe ag an WDC agus ag a chuid comhpháirtithe, bhí an Malartú idir Fiontraithe ar siúl i Sligeach an 28 agus an 29 Samhain. Thug an t-imeacht deis uathúil d'fhiontraithe atá ag teacht chun cinn sa réigiún rochtain eisiach a fháil ar roinnt de na ceannairí gnó is rathúla in Iarthar na hÉireann. Fiontraithe ar nós Séamus Farrell ó SF Engineering, Fergal Broder ó Lotus Works, Frank Salmon ó CMS Distribution, Michael Dawson ó One4All, i measc fiontraithe rathúla eile, chomhroinn siad an taithí agus an saineolas atá acu leis an gcéad ghlúin eile d'Fhiontraithe an Iarthair.

Dúirt Paul Keyes, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Chomhlachas Tráchtála Shligigh, "Ag an Malartú idir Fiontraithe, bhí deis le buntáiste iomaíoch a ghnóthú ag Fiontraithe ag a raibh tairiscint a bhféadfaí infheistiú inti agus ag gnóthais bhunaithe ar mhian leo a ngnó a fhorbairt. Is fianaise eile é ar an gcomhpháirtíocht chomhoibríoch phríobháideach/phoiblí a chuirfidh Réigiún an Iarthair ar ais ar a bhoinn."




Sa phictiúr – Paul Keyes, Comhlachas Tráchtála Shligigh; Carole Brennan, Fiontraíocht Éireann; Ian Brannigan, an WDC; agus Niall McEvoy, Institiúid Teicneolaíochta Shligigh, ag seoladh an imeachta Malartú idir Fiontraithe.

Bhí cruinnithe saincheaptha meantóireachta gnó ar fáil ar feadh an lae ar fad do chuideachtaí a bhí páirteach sa Mhalartú idir Fiontraithe, agus dinnéar líonraithe ann ina ndiaidh. Bhí na nithe seo a leanas i gceist leis an imeacht 24 uair: cruinnithe duine le duine, cur i láthair, forais bhaincéireachta, infheisteoirí caipiteal síl agus deiseanna líonraithe.

Ba ar chuideachtaí san earnáil Bia agus Di, san earnáil Feistí Leighis, san earnáil TFC, san earnáil Glanteicneolaíochta agus san earnáil Innealtóireachta a díriodh go príomha le linn an imeachta.



CUID 3



FORBAIRT TUAITHE

FORBAIRT TUAITHE

Tacú le forbairt gheilleagrach agus shóisialta inbhuanaithe an gheilleagair thuaithe FUINNEAMH IN-ATHNUAITE

RASLRES – Tionscnamh AE don Earnáil Bithfhuinnimh



Tionscadal AE arna stiúradh ag an WDC le comhpháirtithe as Éirinn, as Albain, as Tuaisceart Éireann agus as an tSualainn ba ea RASLRES – an tionscadal um Chur Chuige Réigiúnach i leith Réitigh Áitiúla Fuinnimh In-athnuaite a Spreagadh. Ba é aidhm an tionscadail úsáid teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite a mhéadú i ngeilleagair thuaithe. Ba é Clár an Fhorimill Thuaidh (CFT) a chistigh an tionscadal. Tá an Clár sin ar cheann amháin de thrí chlár déag de chuid Interreg IIB a cuireadh ar bun chun tacú le comhar trasnáisiúnta san Eoraip agus chun é a spreagadh. Dhún an WDC an tionscadal sa bhliain 2013.

Rinne an tionscadal RASLRES dearadh, triail agus margaocht ar na táirgí agus ar na seirbhísí is fearr chun margaí áitiúla fuinnimh in-athnuaite a chruthú agus a chothú i gceantair thuaithe. Ar an mbealach sin, chabhraigh an tionscadal leis na margaí fás geilleagrach inbhuanaithe a chur ar fáil le haghaidh fostaíocht áitiúil, gnóthais áitiúla agus ioncam áitiúil.

D'oibrigh RASLRES le 11 threoirhionscadal chun slabhraí inbhuanaithe áitiúla soláthair bhreosla adhmaid a fhorbairt trí choirí adhmaid nua (nó cinn a bhí ann cheana) a úsáid agus chun cur chuige dea-chleachtais a thairiscint chun tacú le forbairt tionscail. Cruthaíodh 29 post nua de choibhéis lánaimseartha agus 10 ngnóthas nua mar thoradh ar an obair sin.

Forbraíodh Uirlis Bithfhuinnimh chliste chun cur ar chumas daoine atá ag smaoineamh ar infheistíocht a dhéanamh i gcórais Bithfhuinnimh measúnacht a dhéanamh ag luathchéim ar a indéanta ó thaobh cúrsaí eacnamaíocha de atá tionscadal ar leith. Tá an uirlis sin ar fáil ag <http://www.raslres.eu/bioenergy-tool/>.

Chuir an tionscadal seirbhísí ar fáil don earnáil fuinnimh adhmaid in Éirinn, lena áiríodh raon seirbhísí tacaíochta teicniúla agus comhairlí gnó do chliaint roghnaithe a bhí ag cur tionscadail fuinnimh adhmaid ar aghaidh sa réigiún. Sholáthair an tionscadal faisnéis mhargaidh don earnáil freisin agus tá cuid shuntasach den fhaisnéis sin foilsithe. Tá sí ar fáil anois lena híoslódáil ó <http://www.raslres.eu/publications/>

Chomh maith leis sin, d'fhorbair RASLRES conradh eiseamláireach agus nótaí treorach do chuideachtaí san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach a bhfuil speis acu i dteas a cheannach trí Chonradh Soláthair Fuinnimh (ESCO). Déanfaidh Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann agus an IrBA, Cumann Bithfhuinnimh na hÉireann, an treoir agus an conradh a d'fhorbair RASLRES a chur chun cinn tuilleadh.

D'oibrigh RASLRES go gníomhach le hÚdarás Áitiúla ar chlár trí chuid chun forbairt an bithfhuinnimh a spreagadh sa réigiún, chun samhail soláthair phoiblí a fhorbairt, agus chun cúnamh a chur ar fáil do na hÚdarás Áitiúla beartais chuí a chur le chéile chun an bithfhuinneamh a fhorbairt ina gcontae.

BioPAD – Leathadh agus Úsáid an Bhithfhuinnimh

Tá cur chun cinn á dhéanamh ag BioPAD ar úsáid níos leithne a bhaint as bithfhuinneamh agus ar fheidhmchláir a fhorbairt lena ndíreofar ar an bpróiseas ar fad, idir bhreosla a sholáthar agus fhuinneamh a tháirgeadh.

Tá an tionscadal €700,000 sin á stiúradh ag Coimisiún Forbartha an Iarthair agus tá sé á chistiú faoi Chlár an Fhorimill Thuaidh (CFT) de chuid Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) (Interreg IVB CFRE) <http://www.northernperiphery.eu>. Tá comhpháirtithe ag BioPAD in Albain (an Institiúid Taighde Comhshaoil (Albain), UHI <http://www.eri.ac.uk/>), i dTuaisceart Éireann (Action Renewables <http://www.actionrenewables.org/>) agus san Fhionlainn (Institiúid Taighde Foraoise na Fionlainne, Metla <http://www.metla.fi/>).

Cabhróidh an tionscadal leis an mbithfhuinneamh a fhorbairt agus le feabhas a chur ar an tuiscint atá againn ar na naisc atá ann idir soláthar agus éileamh trí bhreathnú ar na slabhraí soláthair atá ann do roinnt breoslaí bithfhuinnimh éagsúla agus ar na bealaí difriúla inar féidir na breoslaí sin a thiontú ina fhuinneamh inbhuanaithe. Má ghnóthaítear tuiscint ar na slabhraí soláthair atá ann agus ar na bealaí ina n-aistrítear bithfhuinneamh ó fhoinsé breosla ina fhoinsé fuinnimh, cabhrófar linn seirbhísí soláthair a bhunú atá láidir agus éifeachtúil agus atá in ann freastal ar an éileamh áitiúil.

Cé go bhfuil slabhraí dea-fhorbartha soláthair bithmhaise le fáil i roinnt ceantar i dtuaisceart na hEorpa, tá dúshlán shuntasacha roimh cheantair eile maidir le slabhraí soláthair atá cost-éifeachtúil agus inbhuanaithe a fhorbairt ionas gur féidir leo a gcuid acmhainní bithmhaise a shaothrú ar bhealach níos fearr. Is é aidhm an tionscadail tuiscint níos fearr a ghnóthú ar stádas reatha na slabhraí réigiúnacha soláthair bithmhaise le haghaidh raon cineálacha bithmhaise, lena n-áirítear táirgí adhmaid, barra fuinnimh, macraigh muirí agus dramhaíl talmhaíochta.

Úsáidfear an anailís ar shlabhraí réigiúnacha soláthair chun forbairt a dhéanamh ar uirlisí lena gcuirfear ar chumas úsáideoirí bithmhais a fhoinsiú sa cheantar áitiúil agus í a úsáid ar fud raon teicneolaíochtaí cuí (díleá anaeróbach, dóchán, nó micreachumhacht agus micritheas in éineacht (CHP)). Déanfar léarscáiliú ar an slabhra soláthair mar chuid den tionscadal freisin, rud a thabharfaidh eolas do chreataí agus d'idirghabhálacha beartais arb é is aidhm dóibh tacú le húsáid fuinnimh in-athnuaite i limistéar Chlár an Fhorimill Thuaidh. Mar sin, bíonn faisnéis, eolas agus tuiscint ar an mbithfhuinneamh á scaipeadh ag BioPAD.



BioPAD



Bioenergy Proliferation and Deployment



Cé go bhfuil an tionscadal BioPAD dírithe ar an mbithfhuinneamh a fhorbairt, is é an sprioc bhunúsach atá leis feabhas a chur ar an nuálaíocht agus ar an iomaíocht i réigiúin tuaithe agus fhorimeallacha. Agus an bithfhuinneamh á fhorbairt againn, beimid in ann cabhrú leis an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Poist a chruthú
- Geilleagair áitiúla a spreagadh
- Acmhainneacht ár n-acmhainní nádúrtha áitiúla a bhaint amach
- Sinn féin a dhéanamh daingean ó thaobh breosla de agus fuinneamh a cheannach ó sholáthraithe áitiúla
- Astaíochtaí CO₂ a laghdú.

Tá uirlis bithfhuinnimh á forbairt i roinnt formáidí éagsúla (e.g. formáid Ghréasáin, formáid fón póca agus formáid aipe) faoi láthair, rud lena dtarraingeofar aird ar na príomhchéimeanna feadh an tslabhra soláthair do gach cineál breosla agus do gach modh tiontaithe breosla. Gné thábhachtach den tionscadal is ea an córas agus an uirlis faisnéise sin a chur chun cinn agus beifear ag díriú ar an táirge a chur ar fáil laistigh de réigiún an tionscadail ar fad agus lasmuigh de araon.

Bhí an tionscadal BioPAD an-ghníomhach sa bhliain 2012 agus tá roinnt dá chuid réimsí gníomhaíochta leagtha amach thíos.


Turas staidéir chun na hOstaire

D'eagraigh foireann BioPAD sa WDC turas staidéir chuig Güssing san Ostair idir an 16ú lá agus an 18ú lá de mhí Aibreáin don lucht déanta beartas agus don lucht tionchair i dtaca le bithfhuinneamh. Ba é cuspóir an turais ná méadú a dhéanamh ar an tuiscint ar na tairbhí leathana sóisialta agus eacnamaíocha a bhaineann le hinfheistíocht i mbithfhuinneamh agus ar an tábhacht a bhaineann le cur ar chumas beartais forbairt na hearnála a bhrú chun cinn agus a chinntiú gur féidir an leas is mó a bhaint as fás na hearnála.



Rannpháirtithe ar an Turas Staidéir

Bhí an turas staidéir lonnaithe in Graz. Anuas air sin, caitheadh maidin iomlán in Güssing (an baile fuinnimh in-athnuaite) lenar áiríodh cur i láthair ar fhorbairtí ansin. Cuireadh san áireamh sa turas freisin cuairt ar roinnt saoráidí beaga bithfhuinnimh, lenar áiríodh fiontar gairneoireachta agus téamh ceantair, gnóthas beag téamh ceantair a bhunaigh feirmeoirí áitiúla lena soláthairtí adhmaid a úsáid, scoil a d'aistrigh chuig fuinneamh in-athnuaite agus déantúsóir beag ardteicneolaíochta a chuireann teicneolaíocht agus trealamh ar fáil le haghaidh earraí in-athchúrsáilte a shórtáil, adhmaid san áireamh.



Rannpháirtithe ar an Turas Staidéir

Bhí an turas ina thairbhe ó thaobh líonra lucht déanta beartas a chruthú, ar líonra é a bheidh mar bhonn de líonra idirnáisiúnta a oibreoidh le BioPAD chun beartas bithfhuinnimh a chur chun cinn agus a fheabhsú. Thug sé léargas ar na féidearthachtaí a bhaineann le forbairt bithfhuinnimh agus ar na tairbhí féideartha uathí. Chomh maith leis sin, chuir sé leis an tuiscint atá againn ar conas is féidir le húsáid an fhuinnimh adhmaid agus an bithfhuinnimh a bheith ina cuid riachtanach den gheilleagar áitiúil. Leanfar den obair ar na tairbhí eacnamaíocha agus ar bheartas bithfhuinnimh trí BioPAD. Beidh an obair sin á treorú ag Action Renewables, an Chomhpháirtí i dTuaisceart Éireann.

Tar éis an turais staidéir chun na hOstaire, leanadh de theagmháil a dhéanamh leis an lucht déanta beartas agus le comhpháirtithe comhlacha a ghlac páirt ann agus tá líonra á fhorbairt chun foghlaim chomhroinnte a éascú.

An Uirlis Slabhra Soláthair Bhithfhuinnimh (BISCUIT)



Aschur tábhachtach ó thionscadal BioPAD is ea uirlis slabhra soláthair bhithfhuinnimh. Cuirfidh sí ar chumas na ndaoine sin a bhfuil baint acu le bithfhuinneamh (a chuimsíonn soláthar breosla agus ídiú fuinnimh mar aon leis na gníomhaíochtaí eatarthu sin) tuiscint a ghnóthú ar conas a oibríonn slabhra soláthair i gcás cineálacha difriúla breosla agus modhanna difriúla tionaithe (i.e. fuinneamh a fháil as an mbreosla). Beidh snáitheanna éagsúla san uirlis, lena n-áirítear dóchán ó adhmaid, an díleá aeróbach agus micrea-Chumhacht is Teas in Éineacht (CTÉ). Cuirfear san áireamh inti freisin faisnéis faoi choigilteas agus lígean carbóin mar aon leis an luach, na riachtanais saothair agus na réimsí féideartha fostaíochta.

Tá an uirlis, ar a dtugtar BISCUIT, á dearadh ag JDK Designs i dTobar an Choire. Tá ionchur inneachair agus dearaidh á chur ar fáil ag Metla - Institiúid Taighde Foraoise na Fionlainne. Bainistíonn an WDC an conradh agus cuireann sé ionchur dearaidh, idirghabháil tionscadail agus bainistíocht amscála ar fáil le haghaidh na hUirlise.

Seolfar an Uirlis Slabhra Soláthair leis an Slabhra Soláthair Bhreosla Adhmaid go luath sa bhliain 2014. Cuirfear Slabhraí Soláthair breise (barra fuinnimh agus fuíll talmhaíochta) leo freisin. Forbrófar aip bunaithe ar an uirlis de réir mar a thugtar an t-inneachar chun críche.

BioPAD
Northern Periphery Programme 2007-2013
Bioenergy Proliferation and Deployment



Ceardlann agus seoladh an bhithfhuinnimh

Sheol Joe McHugh TD tionscadal BioPAD go hoifigiúil an 10 Deireadh Fómhair i Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall. Rinne sé amhlaidh le linn ócáid chomhdhála agus scaipthe in Éirinn. Ba é Coimisiún Forbartha an Iarthair a rinne óstáil ar an ócáid in Óstán Mount Errigal, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall. Rinneadh freastal maith ar an ócáid agus chuimsigh sé raon daoine a bhfuil suim acu in úsáid an bhithfhuinnimh agus i bhforbairt na hearnála sin.



Ag seoladh na Ceardlainne Bithfhuinnimh i Leitir Ceanann

Thug an WDC cuireadh do raon cainteoirí éagsúla a bhfuil suim acu i bhforbairt an bhithfhuinnimh nó i ngníomhaíochtaí bithfhuinnimh labhairt faoi na tairbhí a bhaineann leis an mbithfhuinneamh. Bhí an tUasal Michael Ó hÉanaigh, Stiúrthóir Seirbhísí, Comhairle Contae Dhún na nGall, ina measc. Labhair sé faoin gcur chuige atá á ghlacadh ag an rialtas áitiúil maidir leis an mbithfhuinneamh a fhorbairt i nDún na nGall. Rinne an tUasal John Jackson, an Cathaoirleach ar Chumann Úinéirí Coillearnaí Dhún na nGall, plé ar shamhail chomhoibríoch an Chumainn le haghaidh teas a sholáthar ó adhmaid áitiúil agus ar an slabhra soláthair áitiúil ghearr a d'fhorbairt an cumann. Ina dhiaidh sin, labhair Merja Rautiainen as Measurepolis, a thaispeáin forbairt teicneolaíochta bithfhuinnimh agus tomhais i réigiún Kainuu san Fhionlainn agus chríochnaigh an tUasal Stephen Hynes as Cumann Bithfhuinnimh na hÉireann an seisiún ach plé a dhéanamh ar fhorbairt an bhithfhuinnimh ó dhíleá anaeróbach agus ar a acmhainn amach anseo in Éirinn. Thug comhpháirtithe BioPAD míniú níos mine ar an tionscadal agus chuir siad cás-staidéir a rinne BioPAD i réigiúin is comhpháirtithe i láthair.

Cuireadh an seoladh oifigiúil ar siúl tar éis na ceardlainne nuair a thug an tUasal Paddy McGuinness, Cathaoirleach Choimisiún Forbartha an Iarthair, forbhreathnú gairid ar an tionscadal agus a chuir sé Joe McHugh TD i láthair. Thug an tUasal McHugh óráid spéisiúil maidir le háit agus tairbhí gaolmhara an bhithfhuinnimh laistigh den mheascán náisiúnta breoslaí.

Chun tuilleadh nuashonruithe rialta ar BioPAD a fháil, féach blog an tionscadail: <http://biopadbioenergyblog.wordpress.com/>. Tá tuilleadh faisnéise faoin tionscadal ar fáil ar shuíomh Gréasáin an tionscadail: www.biopad.eu

ROKWOOD

I Ráithe 1 den bhliain 2013, iarradh ar Choimisiún Forbartha an Iarthair páirt a ghlacadh i dtionscnamh formheasta a bhaineann le tionscadal FP7 arb é is aidhm dó méadú a dhéanamh ar ghlacadh gnóthas le barra fuinnimh agus ar an tuiscint atá acu orthu. D'aontaigh sé le déanamh amhlaidh. Is é ROKWOOD an t-ainm atá air agus beidh sé á threorú ag Ian Brannigan. Tacaíonn ROKWOOD leis an gcomhar idir sé bhráisle Eorpacha dírithe ar an taighde d'fhonn forbairt taighde agus teicneolaíochta agus glacadh an mhargaidh a fheabhsú agus infheistíochtaí i scéimeanna táirgthe agus úsáide bithmhais adhmaid a mhéadú ag leibhéal réigiúnach. Comhordófar na sé bhráisle réigiúnacha rannpháirteacha chun Comhphlean Gníomhaíochta a fhorbairt ag leibhéal Eorpach, agus é mar aidhm aige forbairt gheilleagrach a bhrú chun cinn trí ghníomhaíochtaí taighde agus forbartha teicneolaíochta sna hábhair roghnaithe um tháirgeadh inbhuanaithe agus úsáid éifeachtúil na bithmhaise adhmaid.

Is iad seo príomhchuspóirí an tionscadail ROKWOOD:

- Forbhreathnú a chruthú ar na príomhchonstaicí agus na príomhbhacainní a chuireann bac le forbairt na réigiún bithmhaise áitiúla san Eoraip.
- 10 smaoineamh nuálacha tionscadail chomhoibríoch ar a laghad a chruthú lena dtéitear i ngleic le bacainní teicniúla (e.g. teicneolaíochtaí bainte agus triomaithe).
- Acmhainní airgeadais a shainaithint le haghaidh táirgí nuálacha agus seirbhísí nuálacha a fhorbairt san earnáil sin.
- An líon is mó geallsealbhóirí is féidir a shroicheadh trí ghníomhaíochtaí éifeachtacha scaipthe

Is as an nGearmáin é an príomh-chomhpháirtí agus tugann sé sin deis shuntasach don WDC i gcreachtlár an AE, ar creachtlár é a raibh freagracht ar an earnáil institiúidí ardoideachais air go traidisiúnta agus atá an-oiriúnach ó thaobh an airgeadais de mar gheall ar an ráta ard idirghabhála atá aige. D'fhreastail Mary Keaveney ar chruinniú na gComhpháirtithe sa tSualainn idir an 24ú lá agus an 27ú lá de mhí an Mheithimh. Cuireadh cruinnithe braislí Éireannacha leis na comhpháirtithe Éireannacha eile (DIT agus Bio-tricity) i mí Dheireadh Fómhair. Bhí geallsealbhóirí eile páirteach iontu, lena n-áiríodh saothróirí, comhairligh thalmhaíochta agus ionadaithe ó Teagasc. Beidh an



chéad chruinniú comhpháirtithe eile ar siúl in Bristol i mí Eanáir 2014. Áireofar leis ceardlanna beartais agus cuairteanna láithreáin ar fheirmeacha barr sailí agus ar ionaid taighde bithfhuinnimh in Dorset agus i réigiún an iardheiscirt i Sasana.

Tá tuilleadh faisnéise faoin tionscadal ar fáil ar shuíomh Gréasáin an tionscadail: www.rokwood.eu.

Togra Téamh Ceantair Ros Comáin

D'iarr Tommy Ryan, Stiúrthóir Seirbhísí le Comhairle Chontae Ros Comáin, ar an WDC cabhair a thabhairt chun an chéad scéim téamh ceantair mhórsála/mheánsála de chuid na hÉireann a fhorbairt. Is tionscadal é seo a d'fhéadfadh a bheith ar mhórsála agus a mbeidh líon mór post sa tógáil agus san oibriú i gceist leis má dhéantar é sa réigiún. Ba é an togra tosaigh ná go maoineoidh an WDC cur isteach togra cúnamh theicniúil chuig an gCiste Eorpach don Éifeachtúlacht Fuinnimh arb é is aidhm dó, má éiríonn leis, cistiú féidearthachta is fiú €100-€250,000 a aimsiú. Cabhróidh sé sin leis an iarratas chuig an EEEF ar chistiú de thart ar €5 milliún le haghaidh scéim téamh ceantair >3 MW i Ros Comáin ina n-úsáidfear breosla bithfhuinnimh áitiúil.

I mí Mheán Fómhair, chuir an WDC tairiscint amach chun cabhrú le Comhairle Chontae Ros Comáin ina hiarratas ar chúnamh teicniúil. Cuireadh trí thairiscint isteach agus rinneadh agallamh leis na trí cinn díobh go luath i mí Dheireadh Fómhair. Cheap an WDC comhairligh chun an t-iarratas ar chúnamh teicniúil a chur isteach chuig an gCiste Eorpach don Éifeachtúlacht Fuinnimh (EEEF) thar ceann Chomhairle Chontae Ros Comáin. Beidh an t-iarratas sin cothrom le thart ar €250,000 chun éascú a dhéanamh ar iarratas iomlán ar mhaoiniú le haghaidh scéim téamh ceantair do bhaile Ros Comáin. Táthar ag déanamh dul chun cinn le Comhairle Chontae Ros Comáin ar an iarratas sin agus cuirfear isteach é sa bhliain 2014.

Geilleagar na Cruthaitheachta

Lean an WDC dá chuid oibre maidir le tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt earnáil na dtionscal cruthaitheach i Réigiún an Iarthair i rith na bliana 2013. Ba éard a bhí i gceist ansin go príomha ná tionscadal an Fhaobhair Chruthaitheach a chur chun feidhme agus tograí nua cistiúcháin a fhorbairt, tacaíocht a thabhairt don Chiste Aonach Idirnáisiúnta agus argóint a dhéanamh ar son na hearnála ag leibhéal náisiúnta.


Faobhar Cruthaitheach

Comhpháirtí i dtionscadal an Fhaobhair Chruthaitheach (www.creative-edge.eu) a fhaigheann cistiú €1.2 milliún ó Chlár an Fhorimill Thuaidh is ea an WDC. Is é an aidhm atá leis ná an rochtain a bhíonn ag gnóthais an tionscail chruthaitheach i réigiún an fhorimill thuaidh ar mhargaí idirnáisiúnta a mhéadú agus na daoine cruthaitheacha atá ag teacht chun cinn a oibríonn iontu á bhforbairt ag an am céanna. Is iad seo na comhpháirtithe eile sa tionscadal: Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, South East Economic Development (Forbairt Eacnamaíoch an Oirdheiscirt) (Tuaisceart Éireann), Film i Västerbotten (an tSualainn) agus Kemi-Tornio University of Applied Sciences (an Fhionlainn). Cuireadh an chuid ba mhó de ghníomhaíochtaí an tionscadail chun feidhme sa bhliain 2013. Ba iad seo gníomhaíochtaí an WDC faoin tionscadal:

MyCreativeEdge: An Sárthaispeántas Cruthaitheach d'Fhorimeall Thuaidh na hEorpa

Ceann amháin de na príomhaidhmeanna a bhí ag Faobhar Cruthaitheach ba ea ardán onnmhairiúcháin ar líne a fhorbairt agus a thriail chun cabhrú le fiontair chruthaitheacha, saoróibrithe agus daoine cumasacha atá ag teacht chun cinn sna réigiúin is comhpháirtithe rochtain a fháil ar mhargaí idirnáisiúnta. Bhí príomhfhreagracht ar an WDC as dearadh, forbairt agus cur chun feidhme an ardáin sin.

Tar éis taighde fairsing agus comhairliúcháin fairsinge i dtús na bliana 2013, sheol an WDC an suíomh Gréasáin MyCreativeEdge www.mycreativeedge.eu i lár mhí an Mheithimh 2013. Leis an suíomh, tugtar deis d'fhiontair chruthaitheacha sna réigiúin is comhpháirtithe a gcuid oibre a thaispeáint ar fud an domhain.





Compháirthe ag seoladh mo Imeall Cruthaitheach

Le go léireofar é ar an suíomh, ní mór do bhall baint a bheith aige le ceann amháin de 12 earnáil chruthaitheacha (an Fhógraíocht agus an Fhoilsitheoireacht, an Ailtireacht, na hEalaíona, an Cheardaíocht, Dearadh, na Meáin Dhigiteacha, Faisean agus Seodra, an Scannánaíocht agus Físeáin, Ceol agus an Amharclannaíocht, an Ghrianghrafadóireacht, Bogearraí agus an Ríomhchlúichíocht, an Teilifís agus an Raidió). Chomh maith leis sin, ní mór dó bheith lonnaithe i gceann amháin de na réigiúin is comhpháirtithe i dtionscadal an Fhaobhair Chruthaitheach.

Cruthaíonn na baill go léir a leathanach próifíle ardamhairc féin. Cuimsíonn an leathanach sin gailearaí d'íomhánna dá gcuid oibre cruthaithe, sonraí teagmhála agus cur síos ar a ngnó. Is féidir le cuairteoirí ar an suíomh próifílí a chuardach de réir earnála agus réigiúin.

Tar éis sheoladh an tsuímh, dhírigh an WDC ar an bhfeasacht atá air ag na daoine sin san earnáil chruthaitheach sa réigiún a mhéadú agus ar spreagadh a thabhairt dóibh dul isteach sa suíomh. Faoi dheireadh na bliana 2013, chuaigh 268 fiontar cruthaitheach ó Réigiún an Iarthair isteach in MyCreativeEdge agus d'fhoilsigh 161 fiontar díobh a bpróifíl ar líne.

Reáchtáil an WDC feachtas fairsing fógraíochta digití le haghaidh MyCreativeEdge idir mí Mheán Fómhair agus mí na Nollag. Bhí díriú san fheachtas sin ar chliant fhéideartha/chustaiméirí féideartha is gnóthais agus is tomhaltóirí a bhí ag lorg soláthraithe cruthaitheacha. Rinneadh é sin sna tíortha is comhpháirtithe, i Stáit Aontaithe Mheiriceá agus sa Ríocht Aontaithe. Tugadh 37,000 cuairt ar an suíomh Gréasáin faoi dheireadh na bliana 2013. Chomh maith leis sin, cuireadh an suíomh Gréasáin chun cinn ag ócáidí ar fud an réigiúin lenar díríodh ar ghnóthais chruthaitheacha (e.g. comhdháil Rough Draft), ar ghnóthais ghinearálta (e.g. MeetWest) agus ar nua-chéimithe cruthaitheacha (e.g. aonach gairmeacha Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn).

Faoi dheireadh an chéad sé mhí a bhí sé i mbun gnó (Meitheamh-Nollaig 2013), bhí 500 ball faofa

agus 326 próifíl fhoilsithe san iomlán ag MyCreativeEdge ó áiteanna ar fud na gceithre réigiún is comhpháirtithe. Tá tuarascáil iomlán ar fhorbairt an tsuímh Ghréasáin MyCreativeEdge ar fáil ag www.wdc.ie/publications.

I dtreo dheireadh na bliana 2013, reáchtáil an WDC suirbhé ar líne ar bhaill den suíomh lena gcuid tuairimí faoi a fháil. Fuarthas 103 freagra san iomlán agus mheas 85% díobh sin gurbh éasca nó measartha éasca a bhí an próiseas chun próifíl ar MyCreativeEdge a chruthú. Chomh maith leis sin, bhain breis agus 90% díobh úsáid as an suíomh chun amharc ar phróifílí eile. Ba iad rochtain ar mhargáí idirnáisiúnta agus líonrú le gnóthais chruthaitheacha eile na príomhchúiseanna le dul isteach ann.

Dearbháin an Fhaobhair Chruthaitheach le haghaidh Daoine Cruthaitheacha

Rinne an WDC cur chun feidhme freisin ar Scéim Thrialach um Dhearbháin an Fhaobhair Chruthaitheach do Dhaoine Cruthaitheacha i dteannta Film i Västerbotten agus Kemi-Tornio University of Applied Sciences. Ba é an aidhm ná comhoibriú san earnáil a spreagadh, an nuálaíocht a chur chun cinn agus deis le haghaidh taithí oibre a chur ar fáil do dhaoine cruthaitheacha atá ag teacht chun cinn.

Bhí dearbháin ab fhiú €2,000 ar fáil ionas go bhféadfaí ball de MyCreativeEdge duine cruthaitheach a chonrú le haghaidh tasc ar leith.



Bhíothas ag glacadh le hiarratais ar an scéim idir mí an Mheithimh agus mí Mheán Fómhair agus fuarthas 24 iarratas san iomlán (arbh as Iarthar na hÉireann do 12 cheann díobh). Tar éis iad a mheas, roghnaíodh 10 gcinn san iomlán, lenar áiríodh cúig cinn as Iarthar na hÉireann:

- Donegal Designer Makers (a d'oibrigh le Shaun Egan Photography) (<http://www.mycreativeedge.eu/profile/donegal-designer-makers/>)
- Cox Power Architects (a d'oibrigh i dteannta Web Design) (<http://www.mycreativeedge.eu/profile/cox-power-architects/>)
- Black Hole Studios¹ (<http://www.mycreativeedge.eu/profile/black-hole-studio/>)
- Allan Curran Architects (a d'oibrigh le Paul McGuckin Photography)
- Leitrim Design House (a d'oibrigh le David Knight Photography)

¹ Níorbh fhéidir an tasc a chur i gcrích roimh dheireadh na bliana 2013. Mar sin féin, cuirfear i gcrích é sa bhliain 2014.



Cruthairtheach
Céimeanna
rampháirtithe, agus
daoine eile, ag 'paineál
Inspirational ócáid, An
Fhionlainn



Cuireadh na tascanna chun feidhme go rathúil idir mí Mheán Fómhair agus mí na Samhna. Tá tuarascáil ar chur chun feidhme na Scéime um Dhearbhaín an Fhaobhair Chruthaitheigh do Dhaoine Cruthaitheacha ar fáil ag www.wdc.ie/publications.

Céimeanna Cruthaitheacha

Idir mí Eanáir agus mí Feabhra, thug an WDC i dteannta Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, tacaíocht do thriúr nua-chéimithe cruthaitheacha as Réigiún an Iarthair le gurbh fhéidir leo páirt a ghlacadh sa chlár Céimeanna Cruthaitheacha ar réachtáil KTUAS é faoi thionscadal an Fhaobhair Chruthaitheigh.

Tugadh le chéile le Céimeanna Cruthaitheacha 15 duine chruthaitheacha óga as ceithre réigiún a d'oibreadh le chéile i bhfoirne idirnáisiúnta ar dhúshláin ghnó fíorshaoil. Thug ceithre ghnóthas dúshláin chruthaitheacha shonracha do na foirne agus bhí orthu réitigh a fhorbairt thar thréimhse ceithre seachtaine. Caitheadh seachtain amháin san Fhionlainn, caitheadh seachtain amháin i dTuaisceart Éireann agus bhí oibriú ar líne i gceist leis na seachtainí ina dhiaidh sin. Is féidir tuarascáil iomlán ar an gclár a íoslódáil ó www.mycreativeedge.eu/creative-steps-way-idea/

Líonrú Closamhairc an Fhaobhair Chruthaitheigh

I mí na Bealtaine 2013, d'iarr an WDC ar ghnóthais san earnáil closamhairc i Réigiún an Iarthair iarratas a dhéanamh ar fhreastal ar dhá imeacht faisnéise agus líonraithe a bheadh ar siúl sa tSualainn. Bhí na himeachtaí sin ina ndeis do chleachtóirí Iarthair na hÉireann i dtionscal na scannánaíochta, na teilifíse agus an inneachair dhigitigh líonrú le cleachtóirí eile as an tSualainn, as an bhFionlainn agus as an Iorua.

Fuarthas 19 n-iarratas san iomlán agus roghnaigh an WDC ceathrar a d'fhreastalódh ar na himeachtaí; ba iad sin, Frank Delaney (Spirit Films), Lee Gooch (LG Productions), Johnny Gogan (Bandit Films) agus Peter

Campbell (Lone Star State). Tugadh tacaíocht dóibh chun freastal ar an FilmArc Masterclass: Entertainment agus an Creative Summit. Cuireadh an dá imeacht sin ar siúl in Skellefteå, an tSualainn, idir an 10ú lá agus an 13ú de mhí an Mheithimh 2013.

Fuinneamh Cruthaitheach

Chuir an WDC iarratas isteach chuig Rúnaíocht Chlár an Fhorimill Thuaidh ar chistiú ullmhúcháin le haghaidh togra tionscadail dar teideal 'Fuinneamh Cruthaitheach' don chéad bhabhta eile de chistiú Chlár an Fhorimill Thuaidh (2014-2020). Faomhadh an togra sin agus cuireadh tús sa dara sé mhí den bhliain 2013 le hobair ar thogra tionscadail iomlán a ullmhú leis na comhpháirtithe sa tionscadal. Déanfaidh sé sin méadú agus forbairt ar an obair a rinneadh faoi Fhaobhar Cruthaitheach agus faoi thionscnaimh eile. Forbróidh sé clár thacaíochta nua freisin.


An Ciste Aonach Idirnáisiúnta

Chuaigh an WDC i gcomhpháirtíocht sa bhliain 2013 le Comhairle Cheardaíochta na hÉireann chun tacú leis an gCiste Aonach Idirnáisiúnta. Tacaíonn sé le déantóirí ceardaíochta freastal ar aontaí trádála thar lear. Rinne an WDC ranníocaíocht leis an gciste chun tacú le ceardaithe atá lonnaithe i Réigiún an Iarthair. Tar éis na hiarratais a mheas i mí Aibreáin, tugadh tacaíocht do chúig ghnóthas as Réigiún an Iarthair le go mbeadh siad in ann freastal ar aontaí trádála idirnáisiúnta i Stáit Aontaithe Mheiriceá, sa Ríocht Aontaithe, sa Fhrainc agus sa Ghearmáin:

- Molloy & Sons Weaving, Dún na nGall
- Martina Hamilton Jewellery, Sligeach
- Lisibach Marble, Maigh Eo
- Clay Pipe Centre, Ros Comáin
- Foxford Woollen Mills, Maigh Eo



CUID 4



CISTE INFHEISTÍOCHTA AN WDC



CISTE INFHEISTÍOCHTA AN WDC

Caipiteal riosca a sholáthar d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide agus d'Fhiontair Shóisialta

Is é Ciste Infheistíochta an Iarthair (WIF) ciste a dhéanann an WDC bainistiú air lena soláthraítear caipiteal riosca (sólchaipiteal agus caipiteal fiontair agus maoiniú iasachtaí) do mhicrifhiontair, d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (SMEanna) agus d'fhiontair shóisialta. Téann sé i ngleic le teip mhargaidh na hearnála príobháidí i dtaca le soláthar caipitil riosca d'fhiontair i Réigiún an Iarthair. Infheistíonn an WDC ar théarmaí tráchtála agus is in-aisíochta atá gach infheistíocht a dhéanann sé.

a bhfuil géarghá leo ar fáil do phobail áitiúla freisin. De bharr infheistíocht an WIF sa bhliain 2013, bhí €9.4 milliún d'infheistíocht bhreise sa Réigiún san iomlán; fuarthas €6.6 d'fhiontair an Iarthair ar gach €1 de chistiú an WDC a infheistíodh tríd an WIF.

Trína phunann infheistíochta rathúil, thaispeáin an WDC a éifeachtaí atá sé maidir le tairbhí socheacnamaíocha suntasacha a sholáthar don rialtas trí thacú le fiontair agus le poist ar bhealach inbhuanaithe. Taispeántar i dtaighde a rinneadh go bhfostaíonn cuideachtaí punainne an WIF geall le 1,600 duine as gach meán-leithdháileadh €3 milliún ón státchiste thar thréimhse 10 mbliana. Ba é €43 milliún an caiteachas bliantúil ar thuarastal agus ar phá, rud atá ina spreagadh an-suntasach don gheilleagar áitiúil. Aisíocadh €11.8 milliún den chaiteachas sin leis an státchiste i gcánacha párolla. Easpórtáiltear 67% de láimhdeachas na gcuideachtaí sin, rud a thacaíonn leis an téarnamh atá brúite chun cinn ag an onnmhairiú. Táscaire an-suntasach eile ar thionchar geilleagrach agus ar nuálaíocht gheilleagrach is ea an caiteachas €11m ar Thaighde agus Forbairt.

Sa bhliain 2013, ní bhfuair an WDC cistiú ar bith ón státchiste le haghaidh an WIF agus tá sé ag brath go hiomlán ar a chistiú rothlaithe chun infheistíochtaí nua a dhéanamh. D'éirigh leis an WDC maidir lena shamhail um Chiste Leantach inbhuanaithe a fhorbairt agus tá sé anois féinleorga ó thaobh cistiú infheistíochta de, cé go bhfuil leibhéal an chistithe níos lú ná a bhí sé roimhe seo. Tá an acmhainn ag an WDC chun cistiú státchiste a infheistiú ar bhonn stuama lena dtabharfar tacaíocht d'fhiontair agus do phoist i Réigiún an Iarthair má dhéantar leithdháileadh caipitil nua a dheonú.

Ba é an bhliain 2013 an dara bliain de Chiste Micri-lasachta an WDC: Tionscail Chruthaitheacha. Is tionscnamh 'Rochtain ar Chistiú' é sin a forbraíodh ar bhonn trialach. Leithdháileadh €1m leis thar thréimhse trí bliana ó Chiste Rothlach Infheistíochta an Iarthair d'Earnáil na dTionscail Chruthaitheach.



Rory Hynes, Enterprise Equity Venture Capital Group; Gillian Buckley, Coimisiún Forbartha an Iarthair; David Toohey, Syncrophi; agus Paul Dullaghan, Bainc-Aontas Éireann

Go nuige seo, d'infheistigh an WDC beagnach €41.6 milliún san iomlán i 110 ceann de mhicrifhiontair, d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus d'fhiontair shóisialta sa réigiún; is fiontair an-nuálach iad tromlach na bhFiontar Beag agus Meánmhéide a dtugtar tacaíocht dóibh. Tá 1,600 duine fostaíthe ag cuideachtaí punainne Chiste Infheistíochta an Iarthair agus tá acmhainn ann líon na bpost sin a mhéadú go 2,500 ceann de réir mar a leathnaíonn na cuideachtaí. Mar Chiste Leantach, infheistítear an brabús ar fad ar ais sa réigiún.

Sa bhliain 2013, d'infheistigh an WDC €2,141,859 in 18 gcinn d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus d'fhiontair shóisialta a chuireann fostaíocht ardoilte ar fáil in earnálacha éagsúla, idir fheistí liachta, fhorbairt bogearraí, dhéantúsaíocht ardteicneolaíochta agus thionscail na cruthaitheachta. Cuireann siad seirbhísí

² Suirbhé ar chuideachtaí punainne a rinneadh sa bhliain 2011.

Is é aidhm an chiste ná tacú le tionscail chruthaitheacha, rud ar réimse acmhainneacht fáis atá ag forbairt laistigh den réigiún é, bunaithe ar thaighde fairsing an WDC. Tá rochtain ar mhaoiniú ina fadhb do Thionscail Chruthaitheacha, agus mar sin de, féachtar sa chiste leis an bhfadhb sin a mhaolú trí mheicníocht chistiúcháin thráthúil chuí a chur ar fáil. Léirítear sa tionscnamh tiomantas an WDC d'fhás fiontar agus don bhéim a leagann sé ar inbhuanaitheacht agus ar fhás réigiúnach trí fhostaíocht, tríd an bhfiontraíocht agus tríd an onnmhairiú.



Oscailt Oifigiúil ag an Aire Phil Hogan

Edward McHugh, Stiúrthóir Bainistíochta Algae Health; Eric Reed, Enterprise Equity Venture Capital; agus Gillian Buckley, Coimisiún Forbartha an Iarthair, le sampla de tháirgí Algae Health.






Ciste Micri-Iasachta an WDC: Tá Tionscail Chruthaitheacha

Ciste Micri-Iasachta an WDC: Tá Tionscail Chruthaitheacha oscailte do thrádálaithe aonair, do chomhpháirtithe, do ghnóthais agus do ghrúpaí atá ag feidhmiú in earnáil na dtionscal cruthaitheach. Is é seo an sainmhíniú a thugtar air sin: Ceirdeanna agus tionscail ina ndírítear ar an gcruthaitheacht le haghaidh earraí agus seirbhísí úrnua a tháirgeadh agus a dháileadh. Is é an chéadrogha go bhfuil gnóthais ina ngnóthais chorpraithe, i.e. cuideachta faoi theorainn scaireanna nó cuideachta faoi theorainn ráthaíochta, ach breithneofar gnóthais neamhchorpraithe freisin. Tá earnáil na cruthaitheachta comhdhéanta den 12 thionscal chruthaitheacha seo a leanas agus tá gnóthais as na hearnálacha seo i dteideal iarratas a dhéanamh:


- An fhógraíocht
- An ailtireacht
- Trádáil ealaíne/seandachtaí
- An cheardaíocht
- Dearadh
- Na meáin dhigiteacha
- Faisean
- An tIdirlíon agus bogearraí
- Ceol, na hamharcealaíona agus na healaíona taibhiúcháin
- An fhoilsitheoireacht
- Craoladh raidió agus teilifíse
- Físeáin, an scannánaíocht agus an ghrianghrafadóireacht



Feidhmítear an Ciste Micri-Iasachta ar bhonn iomaíoch 'Glao ar Iarratais' agus déantar é a fhógairt go poiblí. Lena chois sin, tionóladh sraith fhairsing Ceardlann Faisnéise ar fud an réigiúin.

Tá iasachtaí idir €5,000 agus €25,000 ar fáil d'iarratasóirí rathúla ar feadh téarma cúig bliana ar a mhéad.

CUID 5



ALT I. SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA

ALT I. SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA

An WDC a fheidhmiú mar eagraíocht inniúil éifeachtach.

Agus í ina cuid thábhachtach dá spriocanna straitéiseacha, tá an WDC ag dréim le heagraíocht éifeachtúil éifeachtach a stiúradh a chloíonn le ceanglais reachtaíochta, le nuachóiriú na hearnála poiblí agus leis an deachleachtas ach cloí lena leanas:



Rialachas Corparáideach

Thug an bord faoina chuid gníomhaíochtaí agus é feasach ar an leagan athbhreithnithe den Chód Iompair do Rialachas Gníomhaireachtaí Stáit arna leasú i mí na Bealtaine 2009.

Acmhainní Daonna

Trí rannpháirtíocht ghníomhach Choiste Comhpháirtíochta an WDC, lean an eagraíocht dá thiomantas do chlár nuachóirithe na hearnála poiblí agus do chur chun feidhme Chomhaontú Bhóthar Haddington.

Cúram Custaiméirí

Tá an WDC tiomanta do sheirbhís ghairmiúil éifeachtúil chúirtéiseach a chur ar fáil dá chustaiméirí de réir Chairt Chustaiméirí an WDC agus na bPrionsabail um Sheirbhísí Ardchaighdeán do Chustaiméirí. Tá cóip de Ráiteas Custaiméirí an WDC ar fáil ag: <http://www.wdc.ie/about-us/customer-charter/>

Déantar nuashonrú rialta ar shuíomh Gréasáin an WDC agus cuireadh cliaint ar an eolas faoi obair na heagraíochta trí phreaseisiúintí, trí fhoilseacháin agus trí aighneachtaí a postáladh ar: www.wdc.ie. Ní dhearnadh tuairisc ná taifead ar aon ghearáin ó chustaiméirí sa bhliain 2013.

Bainistíocht Airgeadais

Cuireann Córas an WDC um Bainistíocht Airgeadais ar chumas an Choimisiúin próiseas cuimsitheach buiséadaithe agus tuairiscithe airgeadais a oibriú agus cloí leis an dea-chleachtas faoin gCód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit.

Na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003

Ní bhfuarthas aon iarrataí ar fhaisnéis faoi théarmaí na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003.

Na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 agus 2003

Níor cuireadh aon fhiosrúcháin faoi bhráid an WDC sa bhliain 2013 faoin Acht um Chosaint Sonraí.

Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003, ghlac an WDC le *Scéim Teanga an WDC 2007-2010*. Foilsíodh an Scéim i mBéarla agus i nGaeilge agus tá sí ar fáil ar: www.wdc.ie. Faoi théarmaí na scéime, aistríodh an suíomh Gréasáin **LookWest.ie** go Gaeilge.

Speansais agus Táillí Boird

Sonraítear na sonraí uile faoi speansais agus táillí boird in Aguisín 3.

Tuarastal agus Speansais an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin

Sonraítear na sonraí uile faoi thuarastal agus speansais an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin in Aguisín 4.

Tuarascáil an Chathaoirligh ar Chomhlíonadh an Chóid Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit ag an WDC sa bhliain 2013

1. Cód Iompraíochta Gnó do Stiúrtóirí agus d'Fhostaithe an WDC

Shínigh na páirtithe ábhartha uile na cóid iompraíochta ghnó do na stiúrtóirí agus na fostaithe uile agus cloíodh leo sa bhliain 2013.

2. Feidhm Iniúcháireachta Inmheánaí

Deimhnímh gur chloígh an WDC leis na nósanna imeachta iomchuí uile le haghaidh iniúcháireacht inmheánach sa bhliain 2013, faoi mar a shonraítear sa Chód Cleachtais. Tugadh faoin obair a leanas i ndáil le hiniúcháireacht inmheánach:

- (i) **Iniúcháireacht Inmheánach:** Chuir an tIniúcháir Inmheánach an Clár Oibre um Iniúcháireacht Inmheánach don bhliain 2012 i gcrích.
- (ii) **Coiste Iniúcháireachta an WDC:** Tháinig an Coiste Iniúcháireachta le chéile ceithre huaire sa bhliain 2013 agus thug sé tuairisc ar a chuid gníomhaíochtaí don WDC
- (iii) **Iniúchtaí an WDC:** Sa bhliain 2013, thug an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Iniúcháirí Seachtracha) faoi lániniúchadh airgeadais a bhain le ráitis airgeadais an WDC don bhliain 2012.

3. Soláthar

Sa bhliain 2013, chloígh an WDC go hiomlán leis na nósanna imeachta ábhartha soláthair faoi mar a shonraítear i dTreoirínte Soláthair an WDC agus i dTreoirínte Soláthair an Rialtais, 2004.

4. Diúscairt Sócmhainní agus Rochtain Tríú Páirtithe ar Shócmhainní

Níor tharla aon diúscairt sócmhainní os cionn na tairsí a chomhaontaigh an WDC sa bhliain 2013.

5. Treoirínte maidir le Breithmheas agus Bainistiú Caiteachas Caipitil

Ní bhaineann na treoirínte sin leis an WDC.

6. Íocaíocht le Príomhfheidhmeannaigh agus le Fostaithe Comhlachtaí Stáit

Chloígh an WDC le treoirínte an Rialtais agus le socruithe na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtas Áitiúil i dtaca le luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh agus na bhfostaithe sa bhliain 2013.

7. Íocaíocht Táillí agus Speansais Stiúrtóirí

Chloígh an WDC le treoirínte an Rialtais agus le socruithe na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtas Áitiúil i dtaca le híocaíocht táillí Stiúrtóirí sa bhliain 2013. Tugtar sonraí faoi na táillí agus na speansais chomhiomlána sin sna cuntais bhliantúla.

8. Cuireadh tuarascáil an Chathaoirligh faoi bhráid an Aire i dteannta Thuarascáil Bhliantúil 2013, agus í ar leithligh ón Tuarascáil Bhliantúil.

9. Deimhnímh gur chloígh an WDC go hiomlán leis na dlíthe iomchuí cánach agus a chuid oibleagáidí cánach sa bhliain 2013 agus nár tugadh tuairisc ar shaincheist ar bith.



Signed:



Coiste Feidhmiúcháin an WDC

Date:

09/12/2014



AGUISÍNÍ



AGUISÍN I

Baill den Bhord

An Cathaoirleach

An tUasal Paddy McGuinness

Baill

An tUasal Neville Bagnall

An tUasal Jim Devenney

An Comh. Mary Hoade

Martina Minogue Uasal

Jackie Maguire Uasal*

Mary Devine O'Callaghan Uasal

An Dr Seosamh Ó Ceallaigh

An tUasal Gerry O'Connor

An tUasal Vincent Roche

An Dr Katie Sweeney

* a aistríodh chuig Comhairle Chontae na Mí i mí Dheireadh Fómhair 2013.

An Coiste Iniúchóireachta

An Cathaoirleach

An Comh. Mary Hoade

Baill

An tUasal Ray McGreal

An tUasal Ben Bradish *

An tUasal Michael Morley

An tUasal Willie O'Brien

An tUasal Bernard O'Hara **

An tUasal Vincent Roche ***

* a fuair bás sa bhliain 2013

** a ceapadh i mí na Samhna 2013

*** a ceapadh i mí na Samhna 2013

AGUISÍN 2

Painéal Comhairleach an Chiste

An Cathaoirleach

An tUasal Paddy McGuinness

Baill

An tUasal John Dillon

An tUasal Seán Hannick

An Dr Katie Sweeney

Martina Minogue Uasal

An tUasal Gerard Barry

An tUasal Fergal Broder

AGUISÍN 3

Speansais agus Táillí Boird

Táillí Boird agus Costais Taistil agus Chothaithe in 2013

Ainm	Táillí (€)	Taisteal agus Cothú (€)
An tUasal Neville Bagnall	5,985	NIALAS
An tUasal Jim Devenney	5,985	1,988
Mary Devine O'Callaghan Uasal	5,985	132
An Comh. Mary Hoade	5,985	975
Jackie Maguire Uasal*	NIL	NIALAS
An tUasal Martina Minogue	5,985	1,179
An tUasal Paddy McGuinness	8529	2,775
An Dr Seosamh Ó'Ceallaigh	5,985	2,432
An tUasal Gerald O'Connor	5,985	1,818
Vincent Roche	5,985	2,383
An Dr Katie Sweeney	NIALAS	923

* a d'éirigh as i mí Dheireadh Fómhair 2013

AGUISÍN 3 (Ar Lean)



Tinreamh Boird 2013

Ainm	Feabh	Mar	Beal	Iúl	Mfomh	Dfomh	Samh	Nol
Paddy McGuinness	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Mary Hoade	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Gerry O'Connor	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Martina Minogue	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Katie Sweeney	✓	✓	×	✓	✓	✓	✓	✓
Seosamh O'Ceallaigh	✓	✓	✓	×	✓	×	✓	✓
Jim Devenney	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Neville Bagnall	✓	✓	✓	✓	✓	×	×	✓
Jackie Maguire	✓	×	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Vincent Roche	✓	×	✓	✓	✓	✓	✓	✓
Mary Devine O'Callaghan	✓	×	×	✓	✓	✓	✓	✓

AGUISÍN 4

Tuarastal agus Speansais Taistil agus Chothaithe an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin sa bhliain 2013		
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin	Tuarastal	Taisteal agus Cothú
Mr Ian Brannigan, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (A) agus Bainisteoir Forbartha Réigiúnaí	€36,498	€5,690
Raymond McGreal, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin a thosaigh an 4 Meitheamh 2013 - seiceáil	€46,712	€6,418

Socraítear scála tuarastail an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin ag leibhéal an Phríomhoifigigh sa Státseirbhís. Ní oibríonn an WDC scéim dámhachtainí i gcoibhneas le feidhmíocht agus áirítear sochar aoisliúntais leis an scála tuarastail.



RÁITIS AIRGEADAIS A INIÚCHADH
Don Bhliain Dar Chríoch an 31 Nollaig 2013



CLÁR ÁBHAR

Eolas ar Choimisiún Forbartha an Iarthair	41
Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Choimisiúin	42
Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste	43
Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais	44
Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta	46
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	48
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais Chiste Infheistíochta an Iarthair	49
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais Chlár an Fhorimill Thuaidh (NPP)	50
Ráiteas ar Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána	51
Clár Comhardaithe	52
Ráiteas ar Shreabhadh Airgid	53
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	54

COIMISIÚN FORBARTHA AN IARTHAIR EOLAS

An Cathaoirleach

Helen Rochford Brennan Uasal *

An tUasal Paddy McGuinness**

Baill

An tUasal Neville Bagnall	Contae Shligigh
An tUasal Jim Devenney	Contae Dhún na nGall
An Comh. Mary Hoade	Contae na Gaillimhe
Martina Minogue Uasal	Contae an Chláir
Jackie Maguire Uasal	Contae Liatroma
An tUasal Pádraig Ó hAoláin***	Contae na Gaillimhe
Mary Devine O'Callaghan Uasal	Contae Ros Comáin
An Dr Seosamh Ó Ceallaigh	Contae Dhún na nGall
An tUasal Gerry O'Connor	Contae Shligigh
An tUasal Vincent Roche	Contae Mhaigh Eo
An Dr Katie Sweeney	Contae Mhaigh Eo

* a d'éirigh as i mí an Mheithimh 2012

** a cheapadh i mí na Nollag 2012

*** a d'éirigh as i mí Mheán Fómhair 2012

Baincéirí

Banc na hÉireann, Bealach an Doirín, Contae Ros Comáin

Bainc-Aontas Éireann, Bóthar Thuama, Gaillimh

Iniúcháirí

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste, Teach an Chisteáin, Caisleán Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath

RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ AN CHOIMISIÚIN

Ceanglaíonn Alt 22 den Acht um Choimisiún Forbartha an Iarthair, 1998, ar an gCoimisiún ráitis airgeadais a ullmhú i cibé foirm a cheadóidh an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil le comhthoiliú an Aire Airgeadais agus iad a chur faoi bhráid an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena n-íniúchadh. Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú ceanglaítear ar an gCoimisiún:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur chun feidhme go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnach agus stuama a dhéanamh;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais reatha mura bhfuil an bonn sin míchuí;
- aon imeachtaí ábhartha ó chaighdeán infheidhme chuntasaíochta a nochtadh agus a mhíniú.

Dearbhaíonn na Stiúrthóirí gur chloígh siad leis na riachtanais thuas agus na ráitis airgeadais á réiteach.

Tá an Coimisiún freagrach as leabhair chuntas chuí a choinneáil, a nochtann go réasúnta cruinn aon tráth, staid airgeadais an Choimisiúin agus a ligeann dó a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 22 den Acht. Tá an Coimisiún freagrach freisin as a shócmhainní a shlánchoimeád agus as bearta réasúnacha a ghlacadh d'fhonn cosc a chur le calaois agus le mírialtachtaí eile agus iad a bhrath.

An Cathaoirleach:



Paddy McGuinness

Ball den Choimisiún:



Ian Brannigan



An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur i láthair Thithe an Oireachtais

Coimisiún Forbartha an Iarthair

Tá ráitis airgeadais Choimisiún Forbartha an Iarthair don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2013 iniúchta agam faoin Acht um Choimisiún Forbartha an Iarthair, 1998. Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis, comhdhéanta den ráiteas ar bheartais chuntasaíochta, an cuntas ioncaim agus caiteachais, cuntas ioncaim agus caiteachais Chiste Infheistíochta an Iarthair, cuntas ioncaim agus caiteachais an Chláir Forimill Thuaidh, an ráiteas gnóthachan agus caillteanas aitheanta iomlán, an clár comhardaithe, an ráiteas ar shreabhadh airgid agus na nótaí gaolmhara. Cuireadh na ráitis airgeadais i dtoll a chéile de réir na foirme a leagtar síos faoi Chuid 22 den Acht, agus de réir cleachtas cuntasaíochta a bhfuil glacadh ginearálta leis in Éirinn.

Freagrachtaí an Choimisiúin

Tá an Coimisiún freagrach as na ráitis airgeadais a réiteach, as a chinntiú go dtugann na ráitis airgeadais léiriú fíor agus cothrom ar staid ghnóthaí an Choimisiúin agus ar a ioncam agus caiteachas, agus as rialtacht idirbheartaíochta a chinntiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Is é an fhreagracht atá orm na ráitis airgeadais a iniúchadh agus a thuairisciú de réir an dlí is infheidhme.

Déanaim m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith is gá a chur san áireamh i ndáil le cúrsaí bainisteoireachta agus oibriúcháin a ghabhann le comhlachtaí Stáit.

Déantar m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúcháireacht (RA agus Éire) agus de réir na gCaighdeán Eiticiúil d'Iniúcháirí de chuid Bord Chleachtaidh na nIniúcháirí.

Raon iniúchta na ráiteas airgeadais

Baineann iniúchadh le fianaise a fháil faoi mhéideanna agus nochtadh faisnéise sna ráiteas airgeadais, sa chaoi is go mbeadh leordhóthain fianaise ann a d'fhágfadh cinnteacht réasúnach ann go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu calaois nó neamhrialtacht is cúis leis sin. Cuimsítear leis seo measúnú orthu seo a leanas:

- féachaint an oireann na beartais chuntasaíochta don bhail atá ar chúrsaí an Choimisiúin, ar feidhmíodh na beartais sin ar bhealach leanúnach agus ar foilsíodh iad ar bhealach sásúil.

- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinneadh le linn réiteach na ráiteas airgeadais, agus
- cur i láthair iomlán na ráiteas airgeadais. Teastaíonn uaim chomh maith faisnéis faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais a fháil le linn an iniúchta.

Tuairim ar na Ráitis Airgeadais

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais, a réitíodh i gceart de réir cleachtas cuntasaíochta a bhfuil glacadh ginearálta leis in Éirinn, léiriú fíor agus cothrom, ar staid ghnóthaí an Choimisiúin amhail an 31 Nollaig 2013 agus ar a ioncam agus a caiteachas do 2013.

Is é mo thuairim gur choimeád Coimisiún Forbartha an Iarthair leabhair chuí chuntais. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Ábhair a ndéanaim tuairisciú eisceachtúil orthu

Déanaim tuairisciú eisceachtúil sa chás

- nach bhfuair mé an fhaisnéis iomlán agus na mínithe iomlána atá riachtanach do m'iniúchadh, nó
- go dtuairiscítear i m'iniúchadh ar aon chás ábhartha nár feidhmíodh airgead chun na gcríoch a bhí beartaithe nó sa chás nár réitigh na hidirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad, nó
- nach léiríonn an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais gur chomhlíonadh an Coimisiún an Cód Cleachtais um Rialachais Comhlachtaí Stáit, nó
- go n-aimsíonn ábhair ábhartha eile a bhaineann leis an gcaoi ar stiúradh gnó poiblí.

Ní aon rud le tuairisciú agam maidir leis na hábhair sin a ndéantar tuairisciú eisceachtaí orthu.

Patricia Sheehan

Le haghaidh agus thar ceann an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

23 Nollaig 2014

RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH

AIRGEADAIS 2013

1. Thar ceann Bhord Choimisiún Forbartha an Iarthair, admhaím an fhreagracht atá orainn a chinntiú go gcothabháiltear agus go n-oibrítear córas éifeachtach de rialú inmheánach airgeadais.
2. Ní féidir leis an gcóras ach ráthaíocht réasúnach, agus ní ráthaíocht iomlán a thabhairt, go slánchoimeádtar sócmhainní, go n-údaraithear idirbhearta agus go dtaifeadtar i gceart iad agus go gcoiscítear earráidí ábhartha nó mírialtachtaí, nó go mbraithfí iad i dtréimhse thráthúil.
3. Tá na nósanna imeachta seo a leanas curtha i bhfeidhm ag an mBord d'fhonn rialú airgeadais inmheánach a sholáthar;
 - i. Tá bearta glactha ag an mBord le cinntiú go bhfuil timpeallacht rialaithe chuí i bhfeidhm;
 - trí struchtúr eagraíochtúil atá mínithe go soiléir a bhunú;
 - le línte freagrachta sainithe, teorainneacha údaráis, scaradh dualgas agus údarás tarmligthe;
 - trí chóras de nósanna imeachta airgeadais atá doiciméadaithe go soiléir a bhunú;
 - trí mheicníochtaí tuairiscithe don lucht Bainistíochta, don Choiste Iniúchóireachta agus don Chathaoirleach agus don Bhord a bhunú.
 - ii. Tá próisis curtha ar bun ag an mBord chun rioscaí gnó a aithint agus a luacháil;
 - trí nádúr, méid agus impleachtaí airgeadais na rioscaí a bheidh ag an gCoimisiún a aithint;
 - trí mheasúnú a dhéanamh ar an dealraitheacht go dtarlódh na rioscaí a aithníodh (mionmheasúnú riosca arna dhéanamh ag iniúcháirí inmheánacha);
 - trí oibriú go dlúth leis an Rialtas agus le gníomhaireachtaí ábhartha le cinntiú go dtuigtear straitéis an Choimisiúin go soiléir.
 - iii. Úsáideann an Coimisiún Córas Bainistíochta Airgeadais inti a chuireann ar a chumas próiseas buiséadaithe cuimsitheach a fheidhmiú, agus a chinntiú go n-aithnítear agus go scrúdaítear agus go dtugtar aghaidh ar aon athraitheas buiséadach go pras. Ullmhaítear tuarascálacha míosúla buiséid agus caiteachais don lucht bainistíochta agus don Roinn.
 - iv. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an gCoimisiún chun déileáil le himpleachtaí airgeadais a ghabhann le mór-rioscaí gnó. Áirítear orthu se
 - ceadú an Bhoird do bhuiséad bliantúil;
 - sraith nósanna imeachta airgeadais oibríochtúla atá sainmhínithe go soiléir;
 - nósanna imeachta infheistíochta atá sainmhínithe go soiléir agus ceadaithe ag an mbord le haghaidh fheidhmiú Chiste Infheistíochta an Iarthair; lena n-áirítear nósanna imeachta iarinfheistíochta.
 - teorainneacha údaraithe sainmhínithe, scaradh dualgas.

RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH


AIRGEADAIS 2013 (Ar Lean)

- v. Sa bhliain 2013, bhí na nósanna imeachta seo a leanas i bhfeidhm ag an gCoimisiún chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht an chórais um rialú inmheánach airgeadais;
- a. Feidhm Iniúcháireachta Inmheánaí, a seachfhóinsíodh agus a oibríodh de réir an phlean oibre iniúcháireachta inmheánaí, lenar áiríodh anailís riosca. Rinne an Coiste Iniúcháireachta an plan iniúchta agus an anailís riosca seo a fhormhuiniú. Thuairiscigh an Fheidhm Iniúcháireachta Inmheánaí don Choiste Iniúcháireachta maidir lena hathbhreithniú caiteachais agus léirigh an tuarascáil seo tuairim an iniúcháir inmheánaigh maidir le leorgacht agus le héifeachtacht chórais an rialaithe inmheánaigh airgeadais i gCoimisiún Forbartha an Iarthair.
- b. Is iad na foinsí faisnéise atá ag monatóireacht agus ag athbhreithniú an Bhoird ar éifeachtúlacht an chórais;
- obair an iniúcháir inmheánaigh;
 - an coiste iniúcháireachta (a dhéanann maoirsiú ar obair an iniúcháir inmheánaigh);
 - coiste feidhmiúcháin an Choimisiúin a bhfuil freagracht orthu as forbairt agus as cothabháil an chreata rialaithe airgeadais;
 - tráchtairacht arna déanamh ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste ina litir bhainistíochta.

4. Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

Deimhnímh go ndearna an Bord athbhreithniú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha airgeadais sa bhliain 2013.

Arna Shíniú ag:



Cathaoirleach

Dáta: 09/12/2014

RÁITEAS AR BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

1. Bonn na Cuntasaíochta

Ullmhaítear na ráitis airgeadais faoi mhodh fabhraithe na cuntasaíochta, seachas mar a leagtar amach thíos, agus de réir phrionsabal na cuntasaíochta a nglactar leo go coitianta faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil.

Glactar Caighdeán Tuiriscithe Airgeadais arna moladh ag na forais chuntasaíochta aitheanta de réir mar a dhéantar oibríoch iad.

2. Deontais Oireachtais

Tugtar cuntais sna Deontais Oireachtais ar bhonn fáltas airgid.

3. Sócmhainní Seasta

Luaitear Sócmhainní Seasta ag a gcostas stairiúil nó a luacháil lúide a ndímheas carntha.

Cuirtear dímheas de mhuirear ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais ar bhonn mhodh an mhéid chothroim, ag na rátaí a leagtar amach thíos, d'fhonn na sócmhainní a dhíscríobh, coigeartaithe le haghaidh luach iarmharach measta, le linn na saolréanna ionchais:

Daingneáin agus Feistis 15%

Ríomhairí agus TF 33%

4. Pinsin

Feidhmíonn an Coimisiún scéim pinsean sochair shainithe a chistítear go bliantúil ar bhonn íoc mar a úsáidtear ó airgead atá ar fáil dó, lena n-áirítear airgead arna sholáthar ag An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus ó ranníocaíochtaí a asbhaintear ó thuarastail na foirne.

Léiríonn costais na bpinsean na sochair a thuill fostaithe sa tréimhse agus taispeántar iad mar ghlanchoistais ó ranníocaíochtaí pinsean na foirne a íoctar leis an Roinn de réir shocrúithe cistiúcháin an Choimisiúin.

Léirítear gnóthachain agus cailleanais achtúireacha de dhroim dlíteanas scéime sa Ráiteas ar Ghnóthachain agus Caillteanais Aitheanta Iomlána agus aithnítear coigeartú comhréireach sa mhéid is inghnóthaithe ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

Léiríonn na dlíteanais phinsin luach láithreach na n-íocaíochtaí pinsin todhchaí a shaothraigh an fhoireann go dtí seo.

Léiríonn an cistiú iarchurtha pinsin an tsócmhainn chomhfhreagrach atá le haisíoc i dtréimhsí amach anseo ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

5. Cuntas Caipitil

Léiríonn an Cuntas Caipitil an luach gan amúchadh atá ar an ioncam a caitheadh ar chúrsaí caipitil.

6. Ciste Infheistíochta an Iarthair

Tá an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil tar éis tiomantas a thabhairt do chiste foriomlán €28 milliún faoin NDP 2007-2013. Nuair a cheadaíonn an Coimisiún tionscadal, tarraingítear cistí anuas ón Roinn agus eisítear iasachtaí agus infheistíochtaí chuig an bhforas ábhartha.

7. Ioncam Infheistíochta

Aithnítear an t-ioncam infheistíochta sa chuntas loncaim agus Caiteachais faoi Thoradh ar Chiste Infheistíochta agus Gnóthachain/Caillteanais tar éis Scoir.

Ríomhtar ús ar iasachtaí ar bhonn comhardaithe laghdaithigh agus tugtar chuig an gCuntas loncaim agus Caiteachais é thar thréimhse an chomhaontaithe. Ní fhabhraítear ús ar iasachtaí atá i riaráiste agus ní thugtar don chuntas loncaim agus Caiteachais é ach amháin nuair a fhaightear é.

Tugtar díbhinní ar infheistíochtaí cothromais chuig an gCuntas loncaim agus Caiteachais de réir mar a fhaightear iad.

RÁITEAS AR BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA (Ar Lean)

8. Athluacháil Infheistíochtaí

Tá na hinfheistíochtaí ar fad i gcuideachtaí neamhluaite. Nuair is féidir luaitear infheistíochtaí dá leithéid ag an luach cóir. Sainmhínítear luach cóir mar an méid a d'fhéadfaí sócmhainn a mhalartú uirthi idir páirtithe eolacha, toilteanacha in idirbheart fad láimhe.

I gcásanna nach féidir an luach cóir a thomhas go hiontaofa, déantar an infheistíocht a luacháil ag an gcostas mura mbíonn fianaise ann gur bearnaíodh é seo.

9. Luacháil Iasachtaí

Taispeántar iasachtaí ag luach na hiasachta amuigh mura measann an WDC gur laghdaigh creidiúnacht an iasachtaí an oiread sin is go bhfuil amhras tromchúiseach nach féidir an iasacht a ghnóthú. I gcásanna dá leithéid déantar an iasacht a luacháil ag a glanluach inréadaithe ionchais.

10. Aitheantas na nGnóthachan agus na gCaillteanas ar Infheistíochtaí agus Iasachtaí

Aithnítear gnóthachain agus caillteanas a réadaíodh mar thoradh ar dhíolachán infheistíochtaí, aisíocaíocht iasachtaí (nó díscríobh infheistíochtaí) i gCuntas loncaim agus Caiteachais an WIF nuair a thabhaítear iad.

Aithnítear gnóthachain agus caillteanas nár réadaíodh mar thoradh ar athruithe ar luacháil infheistíochtaí agus iasachtaí mar seo a leanas. Sa chás go bhfuil an WDC den tuairim gur thit luach infheistíochta faoin luach tugtha anonn, cruthaítear soláthar agus gearrtar é ar an gCuntas loncaim agus Caiteachais. Aithnítear gnóthachain nár réadaíodh i ngeall ar athluacháil infheistíochta sa chuntas loncaim agus Caiteachais sa chás inar féidir luach cóir na hinfheistíochta a mheas go hiontaofa.

11. Táillí Socraíochta agus Bainistíochta

Aithnítear agus coimeádtar na táillí a fhaightear i gCiste Infheistíochta an Iarthair. Cuirtear forchostais a bhaineann le feidhmiú Chiste Infheistíochta an Iarthair de mhuirear ar Chuntas loncaim agus Caiteachais an Choimisiúin.

12. Clár an Fhorimill Thuaidh

Tá Clár an Fhorimill Thuaidh (CFT) ina chlár ciste forbartha réigiúnaí de chuid an AE faoi shnáithe Interreg. Tá obair déanta ag an WDC le CFT ar raon de thionscadail cheadaithe forbartha réigiúnaí idir an bhliain 2009 agus an lá atá inniu ann (Áiríodh leis an obair sin tacaíocht do thionscadail Bhithfhuinnimh amhail RASLRES agus BioPAD agus do thionscadail gheilleagar na cruthaitheachta amhail an Faobhar Cruthaitheach agus Fuinneamh Cruthaitheach).

Tagann 60% de chistiú CFT ón Aontas Eorpach agus tagann an 40% eile ó Choimisiún Forbartha an Iarthair. Is é an WDC a chuireann na héilimh go díreach faoi bhráid rúnaíocht chomhlacht Interreg CFT thar ceann na mór-chomhpháirtíochta tionscadail. Roimhe sin deimhníonn rialtóir náisiúnta céadleibhéil na costais i gcomhair comhlíonadh agus a luaithe is a bheid deimhniú caiteachais eisithe ag an gcomhlacht seo déanann rúnaíocht CFT an t-éileamh a chomhdhlúthú agus a phróiseáil. Déantar éilimh a sceidealú gach sé mhí, ach tugadh faoi deara gurb é dhá mhí dhéag go hocht mí dhéag aga tionscanta próiseála CFT.

Mar chuid den phróiseas sin tá an WDC faoi réir iniúchadh tréimhsiúil ag an AE.


Aithnítear ioncam ar bhonn cuntas infhála. I gcás ioncaim i dtaca le méideanna nach raibh éilithe ag deireadh na bliana, aithnítear é bunaithe ar chéatadán na n-éileamh a dúnadh tar éis dheireadh na bliana. Cuirtear méideanna den sórt sin ar áireamh mar ioncam fabhráithe.

CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 3^I NOLLAIG 2013


COIMISIÚN FORBARTHA AN IARTHAIR	NÓTA	2013 €	2013 €	2012 €	2012 €
IONCAM					
Deontas Oireachtais	1a	1,278,827		1,352,638	
Ioncam eile	1b	0		184,062	
Aistriú chuig Ciste Infheistíochta an Iarthair		0		0	
Aistriú chuig CFT		(33,380)		(150,935)	
Aistriú ón gCuntas Caipitil/(chuig an) gCuntas Caipitil	8	(414)		1,753	
Glanchistiú larchurtha le haghaidh Pinsean	10	247,000		267,000	
			1,492,033		1,654,518
CAITEACHAS					
Costais Oibriúcháin	2a		(1,454,524)		(1,564,226)
Barrachas/(Easnamh) don bhliain			37,509		90,292
Barrachas/(Easnamh) i dtús na bliana			425,576		335,284
Barrachas/(Easnamh) ag deireadh na bliana			463,085		425,576

Is cuid de na ráitis airgeadais iad an ráiteas ar bheartais chuntasaíochta agus nótaí 1-12.

Paddy McGuinness:
Cathaoirleach



Ian Brannigan
Ball den Choimisiún



CISTE INFHEISTÍOCHTA AN IARTHAIR

CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS DON

BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 3^I NOLLAIG 2013


CISTE INFHEISTÍOCHTA AN IARTHAIR (WIF)	NÓTA	2013 €	2013 €	2012 €	2012 €
IONCAM					
Aistriú ón gCoimisiún		0		0	
Ús Tuillte ar Thaiscí		98,550		115,234	
Toradh ar Chiste Infheistíochta & Gnóthachain/Caillteanais tar éis Scoir		(236,949)		356,646	
Táillí Socraíochta/Bainistíochta		<u>11,998</u>		<u>36,593</u>	
			(126,401)		508,473
LAGHDÚ/(MÉADÚ) AR					
SHOLÁTHAR AGUS ATHLUACHÁIL IN AGHAIDH INFHEISTÍOCHTA			<u>55,714</u>		<u>1,005,611</u>
Barrachas/(Easnamh) ar an gCiste don bhliain			(70,687)		1,514,084
Barrachas/(Easnamh) ar an gCiste i dtús na bliana			<u>22,939,959</u>		<u>21,425,875</u>
Barrachas/(Easnamh) ar an gCiste ag deireadh na bliana			<u><u>22,869,272</u></u>		<u><u>22,939,959</u></u>

Is cuid de na ráitis airgeadais iad an ráiteas ar bheartais chuntasaíochta agus nótaí 1-12.

Paddy McGuinness:
Cathaoirleach



Ian Brannigan
Ball den Choimisiún




CLÁR AN FHORIMILL THUAIDH CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS DON BHLIAIN DAR CHRÍOCH AN 3^I NOLLAIG 2013


CLÁR AN FHORIMILL THUAIDH (CFT)	NÓTA	2013 €	2013 €	2012 €	2012 €
IONCAM					
Aistriú ón gCoimisiún		33,383		150,935	
Deontas AE		<u>251,170</u>		<u>166,691</u>	
			284,553		317,626
CAITEACHAS	2b		<u>(335,450)</u>		<u>(574,174)</u>
Méadú/(Laghdú) ar CFT			(50,897)		(256,548)
Iarmhéid an chláir i dtús na bliana			<u>(173,442)</u>		<u>83,106</u>
Iarmhéid an chláir ag deireadh na bliana			<u><u>(224,338)</u></u>		<u><u>(173,442)</u></u>

Is cuid de na ráitis airgeadais iad an ráiteas ar bheartais chuntasaíochta agus nótaí 1-12.

Paddy McGuinness:
Cathaoirleach



Ian Brannigan
Ball den Choimisiún




RÁITEAS AR GHNÓTHACHAIN AGUS CAILLTEANAIS AITHEANTA IOMLÁNA


	2013 €	2012 €
Barrachas/(Easnamh) don bhliain	37,509	90,292
Gnóthachain/(caillteanais) ó thaithí de bharr dliteanais scéime	247,000	267,000
Caillteanais ag eascairt de bharr athruithe ar thoimhdí	0	0
Gnóthachain/(caillteanais) achtúireacha ar dhliteanais phinsin	247,000	267,000
Coigeartú ar chistiú iarchurtha pinsin	(247,000)	(267,000)
Gnóthachain/(caillteanais) aitheanta iomlána don bhliain	37,509	90,292

Is cuid de na ráitis airgeadais iad an ráiteas ar bheartais chuntasaíochta agus nótaí 1-12.

Paddy McGuinness:
Cathaoirleach



Ian Brannigan
Ball den Choimisiún



CLÁR COMHARDAITHE AMHAIL AN 3^U NOLLAIG 2013


	NÓTAÍ	2013 €	2012 €
SÓCMHAINNÍ SEASTA			
Sócmhainní Inláimhsithe	4	11,807	11,393
SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS			
	5	22,869,273	22,939,959
		<u>22,881,081</u>	<u>22,951,352</u>
SÓCMHAINNÍ REATHA			
Cuntas Reatha Bainc		429,786	342,837
Féichiúnaithe	6	205,283	247,727
		<u>635,069</u>	<u>590,564</u>
DLITEANAIS REATHA			
Creidiúnaithe	7	(396,325)	(338,431)
GLANSÓCMHAINNÍ REATHA			
		<u>238,744</u>	<u>252,133</u>
Sócmhainní Iomlána líude Dliteanaís Reatha roimh Phinsin		23,119,824	23,203,485
Cistiú larchurtha Pinsin		2,100,000	2,100,000
Dlitéanaís Phinsin		(2,100,000)	(2,100,000)
Sócmhainní Iomlána líude Dlitéanaís Reatha		<u><u>23,119,824</u></u>	<u><u>23,203,485</u></u>
ARNA MAOINIÚ AG:			
Ciste Infheistíochta		22,869,272	22,939,959
Clár an Fhorimill Thuaidh (CFT)		(224,338)	(173,442)
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais		463,085	425,576
Cuntas Caipitil	8	11,806	11,392
		<u><u>23,119,824</u></u>	<u><u>23,203,485</u></u>

Is cuid de na ráitis airgeadais iad an ráiteas ar bheartais chuntasaíochta agus nótaí 1-12.

Paddy McGuinness:
Cathaoirleach



Ian Brannigan
Ball den Choimisiún



RÁITEAS AR SHREABHADH AIRGID AMHAIL AN 3I NOLLAIG 2013

Réiteach an Bharrachais/(Easnamh) chuig Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin

	2013	2012
Barrachas/(Easnamh) don Bhliain (lena n-áirítear CFT)	(13,388)	(166,256)
Dímheas	11,049	9,218
Caillteanas/(Brabús) ar dhiúscairt sócmhainní	0	80
Aistriú chuig an gCuntas Caipitil	414	(1,753)
Laghdú/(Méadú) ar Réamhiocaíochtaí	42,444	15,876
Méadú/(Laghdú) ar Chreidiúnaithe agus Fabhruithe	57,895	210,523
(INSREABHADH)/EIS-SREABHADH AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ OIBRIÚCHÁIN	98,414	67,687
CAIPITEAL		
Cistí chun sócmhainní seasta a fháil	(11,463)	(7,545)
(INSREABHADH)/EIS-SREABHADH GLAN AIRGID	86,951	60,142

RÉITEACH GLUAISEACHTAÍ IN IARMHÉIDEANNA AIRGID

	2012	GLUAISEACHT	2013
Cuntas Reatha Bainc	342,828	86,951	429,779
Mionairgead	9	1	9
	342,837	86,951	429,788

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

1a. IONCAM Ó DHEONTAIS	NÓTAÍ	2013 €	2013 €	2012 €	2012 €
An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil		1,312,256		1,387,075	
Pinsean		(33,429)		(34,437)	
Deontas Oibriúcháin*		1,278,827		1,352,638	
		–	1,278,827	–	1,352,638
Deontas an WIF					0
			1,278,827		1,352,638

* Léirítear an Deontas Oibriúcháin glan ar ranníocaíochtaí pinsin.

Is faoi vóta uimhir 25 a bhronntar an deontas oibriúcháin agus is ó E7 a íoctar é.

1b. OTHER INCOME	NÓTAÍ	2013 €	2013 €	2012 €	2012 €
Ioncam Ilghnéitheach			0		11,212
Ranníocaíochtaí le hAigéan-Rás Volvo					
Liatroim			0		8,000
Maigh Eo			0		8,000
Ros Comáin			0		8,000
Clár Margaíocht Turasóireachta Réigiún an Iarthair					
Comhairle Contae Dhún na nGall			0		30,000
Comhairle Chontae Liatroma			0		30,000
Comhairle Contae Mhaigh Eo			0		30,000
Comhairle Contae Ros Comáin			0		30,000
Comhairle Buirge Shligigh			0		14,850
Comhairle Contae Shligigh			0		14,000
			0		184,062

Bhí taispeántas ag an gCoimisiún agus ag trí Údarás Comhairle Contae ag Aigéan-Rás Volvo. B'ionann costas iomlán an taispeántais agus €29,000 D'íoc na Comhairlí Contae €24,000 san iomlán agus chuir an Coimisiún maoiniú €5000 ar fáil don chuid eile.

Áirítear muirear €29,000 (Nóta 2A) le Ráitis Airgeadais an Choimisiúin i dtaca le costais a tabhaíodh.

I dtaispeántas Volvo LookWest.ie cuireadh seastán sárthaispeántais i gcroílár fhéile Aigéanrás Volvo ar feadh thréimhse na féile. Ba é an aidhm a bhí leis go mbeadh fáil chost-éifeachtúil ag an líon gnáthóirí rása ba mhó ab fhéidir ag an imeacht idirnáisiúnta sin sa réigiún chun feachtas a mhéadú ar na suíomhanna rannpháirteacha agus caiteachas iontu a spreagadh.

Ghlac Coimisiún Forbartha an Iarthair agus roinnt Comhairlí Contae páirt i gClár Margaíocht Turasóireachta Réigiún an Iarthair sa bhliain 2012. Cuimsíodh ciste margaíochta réigiúnaí sa chlár chun contae Dhún na nGall, contae Shligigh, contae Mhaigh Eo, contae Liatroma agus contae Ros Comáin a chur chun cinn i bpríomh-mhargai thar lear. Tá Fáilte Ireland freagrach as an gclár margaíochta a riar.

Ghníomhaigh an Coimisiún mar idirghabhálaí don chistiú €150,000 ó na hÚdaráis Áitiúla.

Tá cistiú €50,000 á chur ar fáil ag an gCoimisiún freisin.

Áirítear muirear €200,000 (Nóta 2A) sna cuntais i dtaca le méideanna atá le híoc le Fáilte Ireland.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (Ar Lean)

2a. COSTAIS OIBRIÚCHÁIN	NÓTAÍ	2013 €	2012 €
Tuarastail (lena n-áirítear ÁSPC na bhfostóirí)		718,780	595,344
Taisteal agus Cothú – an Fhoireann		52,946	72,846
Costais Phinsin	10C	226,571	245,563
Oiliúint agus Forbairt		13,105	8,473
Caidreamh Poiblí (feachtas LookWest san áireamh)		923	3,044
Táillí Gairmiúla (feachtas LookWest san áireamh)		60,291	70,657
Táillí Gairmiúla – Ciste Infheistíochta an Iarthair		80,660	30,017
Baill den Bhord			
Taisteal agus Cothú	2C	14,605	15,114
Táillí	2C	49,016	54,256
Cruinnithe agus Seimineáir		24,291	30,671
Fochoistí an Bhoird/Painéil Chomhairleacha			
Taisteal agus Cothú		2,258	291
Priontáil agus Dearadh		13,210	31,429
Speansais Oifige		40,959	26,438
Solas agus Teas		8,820	7,235
Deisiúcháin agus Cothabháil		6,752	32,416
Árachas		6,907	6,961
Táille Iniúchta		8,700	10,810
Cuntasaíocht agus Iniúchadh Inmheánach		11,397	13,121
Fógraíocht, Margaíocht agus Suibscríbhinní		64,371	82,666
(feachtas LookWest agus Aigéan-Rás Volvo san áireamh)			
Clár Margaíocht Turasóireachta Réigiún an Iarthair		0	200,000
Teileachumarsáid		20,415	16,165
Drochfhiacha		18,000	0
Dímheas	4	11,049	9,218
Speansais Éagsúla		497	1,411
Brabús/Caillteanas ar Dhiúscairtí		0	80
		1,454,524	1,564,226

Sa bhliain 2013, is é Coimisiún Forbartha an Iarthair a d'íoc as Pá agus Tuarastail a bhain le CFT agus déanfaidh sé amhlaidh as seo amach. Léirítear an tsuim sin san fhigiúr thuas do phá agus tuarastail. Ní áirítear pá ná tuarastail a bhain le CFT san fhigiúr inchomparáide. Is i nota 2B a léirítear an tsuim sin.

2b. COSTAIS OIBRIÚCHÁIN - CLÁR AN FHORIMILL THUAIDH	NÓTAÍ	2013 €	2012 €
Taisteal agus Cothú – an Fhoireann		43,166	19,215
Taisteal agus Cothú – an Bord		0	91
Taisteal agus Cothú – an Fochoiste		2,616	502
Táillí Gairmiúla		180,467	192,309
Cruinnithe agus Comhdhálacha		2,936	2,225
Priontáil		0	1,000
Cothabháil TF		1,233	923
Pá agus Tuarastal		0	204,711
Cur Chun Cinn agus Foilseacháin		6,440	63
Speansais Oifige		1,423	1,187
Spreagadh an Mhargaidh Áitiúil		0	40,000
Íocaíochtaí le Comhpháirtithe sa tionscadal um Chur Chuige Réigiúnach i leith		97,168	111,948
Réitigh Áitiúla Fuinnimh In-athnuaite a Spreagadh			
		335,450	574,174

Sa bhliain 2013, ní dhearnadh aon phá ná tuarastail a bhain le CFT a mhuirearú ar na ráitis airgeadais agus leanfar le déanamh amhlaidh as seo amach.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (Ar Lean)

2c. TÁILLÍ AGUS SPEANSAIS BHAILL DEN BHORD	2013 Táillí	2013 Taisteal & Cothú	2012 Táillí	2012 Taisteal & Cothú
	€	€	€	€
An tUasal Jim Devenney	5,985	1,988	5,985	1,301
Mary Devine O'Callaghan Uasal	5,985	132	5,985	238
An Comh. Mary Hoade	5,985	976	5,985	1,903
Jackie Maguire Uasal	0	0	0	635
Martina Minogue Uasal	5,985	1,179	5,985	1,633
Helen Rochford Brennan Uasal	0	0	4,489	917
An Dr Katie Sweeney	0	923	0	1,725
An tUasal Neville Bagnall	5,985	0	5,985	0
An tUasal Pádraig Ó hAoláin	-1,408	0	1,406	135
An Dr Seosamh Ó Ceallaigh	0	2,432	5,985	2,887
An tUasal Gerry O'Connor	5,985	1,818	5,985	0
An tUasal Vincent Roche	5,985	2,383	5,985	3,417
An tUasal Paddy McGuinness	8,529	2,775	481	0
	49,016	14,605	54,256	14,790

Níor tabhaíodh aon airgead eile (2012: €324) i speansais Bhoird maidir le táillí comhdhála.

2d. TUARASTAL AN PHRÍOMHOIFIGH FEIDHMIÚCHÁIN 2013

Socraítear scála tuarastail an Phríomhoifigh Feidhmiúcháin ag leibhéal an Phríomhoifigh (Ard) sa Státseirbhís. Ní oibríonn Coimisiún Forbartha an Iarthair scéim dhámhachtaí i gcoibhneas le feidhmíocht agus áirítear sochar aoisliúntais sa scála tuarastail. Níor íocadh aon íocaíochtaí bónaís leis na Príomhoifigh Feidhmiúcháin.

	2013 Tuarastal	2013 Taisteal & Cothú	2012 Tuarastal	2012 Taisteal & Cothú
	€	€	€	€
An tUasal Ian Brannigan (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Gníomhach & Bainisteoir Forbartha Réigiúnaí) (1 Meán Fómhair 2011 – 30 Meitheamh 2013)	36,498	5,690	85,172	12,766
An tUasal Ray McGreal (Príomhoifigeach Feidhmiúcháin) (4 Meitheamh 2013 – 31 Nollaig 2013)	46,712	6,418	0	0

Is gnáthbhaill de scéim aoisliúntais Choimisiún Forbartha an Iarthair iad Ian Brannigan agus Ray McGreal agus ní sháraíonn a gcuid teidlíochtaí pinsin na gnáth-theidlíochtaí atá leagtha síos i scéim aoisliúntais sochair shainithe na hearnála poiblí.

2e. TOBHACH PINSIN

Sa bhliain 2013, baineadh €43,686 ó bhaill foirne i bhfoirm tobhach pinsin (2012: €44,853) agus íocadh an tsuim sin leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (Ar Lean)

3. ÁITRIBH

Tá Coimisiún Forbartha an Iarthair lonnaithe i dTeach Dillon, foirgneamh le Comhairle Contae Ros Comáin agus atá faoi bhainistíocht Oifig na nOibreacha Poiblí. Ní áirítear foráil ar bith sna cuntais maidir le cíos.

4. SÓCMHAINNÍ SEASTA

	2013 €	2012 €
Costas/Luacháil amhail an 1 Eanáir	161,958	164,446
Breiseanna sa Bhliain	11,463	7,545
Diúscairtí	0	(10,033)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	173,421	161,958
Dímheas Carntha	150,566	151,301
Muirear don tréimhse	11,049	9,218
Diúscairtí	0	(9,953)
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	161,614	150,566
Glanluach Leabhar amhail an 31 Nollaig	11,807	11,393

Is éard atá i Sócmhainní Seasta Daingneáin agus Feistis ar a bhfuil Glanluach Leabh 1,784 (2012: €3,310) agus Trealamh Ríomhaire ar a bhfuil Glanluach Leabhar €10,023 (2012: €8,081)

5a. SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS

NÓTAÍ

		2013 €	2012 €
Infheistíochtaí Cothromais	5b	10,724,909	11,812,738
Iasachtaí	5b	7,673,141	7,132,178
Ioncam táille		235,203	223,205
Iarmhéid ar fáil le haghaidh athinfheistíochta		4,236,020	3,771,838
		22,869,273	22,939,959

5b. INFHEISTÍOCHTAÍ COTHROMAIS AGUS IASACHTAÍ

	2013 €	2012 €
Costas		
Luach Tosaigh amhail an 1 Eanáir	23,437,945	22,561,649
Breiseanna	2,141,860	1,433,535
Diúscairtí/Aisíocaíochtaí/Díscríobh	(2,744,440)	(557,239)
Costas Deiridh amhail an 31 Nollaig	22,835,365	23,437,945
Soláthar le haghaidh Laghdú ar Luach/Athluachálacha		
Iarmhéid Tosaigh amhail an 1 Eanáir	4,493,029	5,498,640
Gluaiseacht i Soláthar/Athluachálacha	(55,714)	(1,005,611)
Iarmhéid Deiridh	4,437,315	4,493,029
Luacháil Deiridh amhail an 31 Nollaig	18,398,050	18,944,916
Cothromas		
Iasachtaí	10,724,909	11,812,738
	7,673,141	7,132,178
	18,398,050	18,944,916

Ar áireamh san fhigiúr €11,330,909 i gcomhair Infheistíochtaí Cothromais, tá infheistíochtaí ar fiú €4,216,076 iad a tuaslagadh de réir luach cóir. Ba iad na figiúirí inchomparáide sa bhliain 2012 €11,812,738 agus €4,626,101 faoi seach.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (Ar Lean)

6. FÉICHIÚNAITHE

	2013 €	2012 €
Réamhíocaíochtaí	2,860	8,097
Féichiúnaithe	0	48,000
Deontas CFT a bhí Infhaighte	172,311	191,630
Ioncam Fabhráithe	30,112	0
	205,283	247,727

7. CREIDIÚNAITHE

	2013 €	2012 €
Fabhruithe	396,325	338,431
	396,325	338,431

8. CUNTAS CAIPITIL

	2013 €	2013 €	2012 €	2012 €
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir		11,392		13,145
Aistriú chuig an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais				
- Cistí leithdháilte le Sócmhainní Seasta a fháil	11,463		7,545	
- Suim a scaoileadh ar dhiúscairt	0		(80)	
- Suim amúchta de réir dímhéas sócmhainne	(11,049)		(9,218)	
		414		(1,753)
		11,806		11,392

Rinne an Coimisiún €11,463 sa bhreis a leithdháileadh d'fhonn breiseanna Caipitil a fháil.

9. CEANGALTAIS AMACH ANSEO – WIF

	2013	2012
Ceangaltais Tosaigh	1,906,933	1,105,266
Ceaduithe	2,481,667	2,382,551
Dícheangaltais	(375,000)	147,348
Íocaíochtaí Amach	(214,186)	(1,433,536)
Ceangaltais Deiridh	1,871,740	1,906,933

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (Ar Lean)

10. COSTAIS PHINSIN

a) Scéim Phinsin

Baineann scéimeanna aoisliúntais sochair shainithe le baill foirne Choimisiún Forbartha an Iarthair (WDC). Déantar sochair a mhaoiniú ar bhonn “íoc mar a úsáidtear” agus ní choinnítear aon sócmhainní i leith dhliteanais fhabhráithe phinsin bhaill foirne an WDC.

Tá na torthaí a leagtar amach thíos bunaithe ar luacháil achtúireach na ndlíteanas i leith bhaill foirne an WDC amhail an 31 Nollaig 2012. Thug achtúire cáilithe neamhspleách faoin luacháil sin ar mhaithe leis an gcaighdeán cuntasafóichta - **Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais Uimh. 17 - Sochair Scoir** (FRS 17) a chomhlíonadh.

I measc na bpríomhthoimhdí airgeadais a úsáideadh, bhí:

	2013	2012
Ráta Lascaíne	5.50%	5.50%
Ráta Ionchasach an Mhéadaithe ar Thuarastal	4.00%	4.00%
Ráta an méadaithe ar íocaíocht pinsin	4.00%	4.00%
Boilsciú	2.00%	2.00%

b) Glanchistiú larchurtha i leith Pinsean sa bhliain

	2013 €	2012 €
Cistiú inghnóthaithe maidir le costais phinsin na bliana	260,000	280,000
Deontas Stáit a caitheadh le pinsinéirí a íoc	(€13,000)	(€13,000)
	<u>247,000</u>	<u>267,000</u>

c) Anailís ar chostais iomlána phinsin a mhuirearaítear ar chaiteachas

	2013 €	2012 €
Costais Reatha Seirbhíse	€150,000	€170,000
Ús ar Dhliteanais Scéim Pinsean	€110,000	€110,000
Ranníocaíochtaí Fostaithe	(€33,429)	(€34,437)
Muirear Iomlán Oibriúcháin	<u>€226,571</u>	<u>€245,563</u>

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS (Ar Lean)

e) Gluaiseacht i nGlandliteanas Pinsin le linn na bliana airgeadais

	2013 €	2013 €	2012 €
Glandliteanas Scéime Pinsean amhail an 1 Eanáir	2,100,000	2,100,000	2,000,000
Costas reatha seirbhíse	150,000	170,000	200,000
Costas úis	110,000	110,000	110,000
Caillteanas/(gnóthachan) achtúireach	(247,000)	(267,000)	(185,000)
Sochair a íocadh sa bhliain	(13,000)	(13,000)	(25,000)
Glandliteanas Pinsin amhail an 31 Nollaig	2,100,000	2,100,000	2,100,000

f) Stair na ndliteanas scéime agus caillteanais/(gnóthachain)

	2013 €	2012 €	2011 €	2010 €
Glandliteanas Pinsin amhail an 31 Nollaig				
Suim	€2,200,000	€2,100,000	€2,100,000	€2,000,000
Caillteanais/(gnóthachain) ó thaithí ar dhliteanais scéime				
Suim	(€247,000)	(€267,000)	(€185,000)	(€181,000)
Céatadán de luach láithreach na ndliteanas scéime	(13%)	(13%)	(9%)	(9%)
An tsuim iomlán aitheanta sa Ráiteas ar ghnóthachain agus caillteanais aitheanta iomlána				
Léiríonn an cistiú iarchurtha pinsin an tsócmhainn chomhfhreagrach atá le haisghabháil i dtréimhsí amach anseo	(€247,000)	(€267,000)	(€185,000)	€181,000
Céatadán luacha láithrigh na ndliteanas scéime	(7%)	(13%)	(9%)	(9%)

g) Meánionchas saoil de réir na dtáblaí básmhairachta a úsáidtear leis na dliteanais phinsin a shocrú



	2013 €	2012 €
Meánionchas saoil a úsáidtear le dliteanais a shocrú		
Fear atá 65 bliain d'aois	22	22
Bean atá 65 bliain d'aois	25	25

11. Leasanna na mBall den Choimisiún


Ghlac an Coimisiún nósanna imeachta de réir an Chóid Chleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit i ndáil le nochtadh leasanna ag na baill den Choimisiún, agus cloíodh leis na nósanna imeachta le linn na bliana.

12. CEADÚ AN BHOIRD

Cheadaigh Bord Choimisiún Forbartha an Iarthair na Ráitis Airgeadais seo an 9 Nollaig 2014.



GIORRÚCHÁIN



GIORRÚCHÁIN

BioPad	Leathadh agus Úsáid an Bhithfhuinnimh
BISCUIT	An Uirlis Slabhra Soláthair Bhithfhuinnimh
CEDRA	An Coimisiún um Fhorbairt Eacnamaíoch na gCeantar Tuaithe
CER	An Coimisiún um Rialáil Fuinnimh
CSO	An Phríomh-Oifig Staidrimh
FAP	Painéal Comhairleach an Chiste
FTE	Coibhéis Lánaimseartha
RASLRES	Cur Chuige Réigiúnach le Réitigh Fuinnimh In-athnuaite a Spreagadh
RDP	Athbhreithniú ar an gClár um Fhorbairt Tuaithe
SMEanna	Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide
WDC	Coimisiún Forbartha an Iarthair





Coimisiún Forbartha an Iarthair
Teach Diolúin, Bealach an Doirín,
Contae Ros Comáin, Éire.

Guthán: +353 (0) 94 9861441

Facs: +353 (0) 94 9861443

Ríomhphost: info@wdc.ie

Suíomhanna Gréasáin: www.wdc.ie